2025/2412

12.12.2025

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh CEE-NA faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí den doiciméad stádais TRANS/WP.29/343 ó CEE-NA, doiciméad atá le fáil ag: https://unece.org/status-1958-agreement-and-annexed-regulations

Rialachán Uimh. 41 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú gluaisrothar i dtaca le torann [2025/2412]

Rialachán ina n-ionchorpraítear an téacs bailí uile suas go dtí:

Sraith leasuithe 06 – Dáta teacht i bhfeidhm: An 11 Eanáir 2026

CLÁR

Rialachán

1. Raon Feidhme
2. Sainmhínithe, téarmaí agus siombailí
3. Iarratas ar cheadú
4. Marcanna
5. Ceadú
6. Sonraíochtaí
7. Modhnú agus síneadh ar cheadú an chineáil gluaisrothair nó an chineáil sceithchórais (sceithchóras) nó an chineáil córais (córas) ciúnúcháin
8. Comhréireacht táirgeachta
9. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta
10. Táirgeadh arna scor go cinnte
11. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha um cheadú a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe
12. Forálacha idirthréimhseacha

Iarscríbhinní

1 Cumarsáid

2 Leagan amach marcanna ceadaithe

3 Modhanna agus uirlisí lena dtomhaistear an torann a dhéanann gluaisrothair

4 Leagan amach an raoin tástála

5 Sceithchórais nó córais chiúnúcháin ina bhfuil ábhar snáithíneach

6 Teorainneacha uasta na leibhéal fuaime

7 Forálacha Breise maidir le hAstaíochtaí Fuaime (FBAF)

8 Ráiteas comhlíontachta i leith na bhForálacha Breise maidir le hAstaíochtaí Fuaime (FBAF)

1. Raon Feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí de chatagóir L_3 ([1]) i dtaca le torann.

Tá sé beartaithe leis na sonraíochtaí sa Rialachán seo na leibhéil fuaime a ghintear ó fheithiclí le linn gnáth-thiomána i dtrácht uirbeach a atáirgeadh.

Foráiltear leis an Rialachán seo, chomh maith, maidir le Forálacha Breise maidir le hAstaíochtaí Fuaime faoi Fhíordhálaí Tiomána (FBAFFT) le haghaidh feithiclí de chatagóir L_3, ar forálacha iad lena dtagraítear do ghnáthdhálaí tiomána ar bhóithre, lena n-áirítear luasghéarú ard agus lóid innill arda i gcás trácht uirbeach agus fo-uirbeach, cé is moite de chásanna ar mhórbhealaí.

2. Sainmhínithe, téarmaí agus siombailí

Chun críoch an Rialacháin seo

2.1. Ciallaíonn '*ceadú gluaisrothair*' ceadú cineáil gluaisrothair maidir le torann;

2.2. Ciallaíonn '*cineál gluaisrothair a mhéid a bhaineann lena leibhéal fuaime*' gluaisrothair nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail na gnéithe seo a leanas:

2.2.1. An cineál innill (inneall dhá bhuille nó ceithre bhuille, inneall loiní frithingeacha nó inneall loine rothlaigh, líon agus toilleadh na sorcóirí nó na rótar, líon agus cineál na gcarbradóirí nó na gcóras insteallta, leagan amach na gcomhlaí, glanchumhacht uasta rátaithe agus an luas innill comhfhreagrach). Maidir le hinnill loine rothlaigh, ba cheart glacadh leis go bhfuil a dhá oiread de thoirt an chuasáin sa toilleadh ciúbach;

2.2.2. Córas tras-seolta, go háirithe líon agus cóimheasa na ngiaranna agus an cóimheas foriomlán giair agus imlíne an rotha cúil á cur san áireamh.

2.2.3. Cumraíochtaí agus socruithe sceithchóras nó córas ciúnúcháin.

2.3. Ciallaíonn '*sceithchóras nó córas ciúnúcháin*' an fhoireann iomlán comhpháirteanna is gá chun teorainn a chur leis an torann ó inneall gluaisrothair agus a sceithphíopa.

2.3.1. Ciallaíonn '*sceithchóras bunaidh nó córas ciúnúcháin bunaidh*' córas de chineál a fheistítear ar an bhfeithicil tráth an chineálcheadaithe nó tráth a chuirtear síneadh leis an gcineálcheadú. D'fhéadfadh sé gurb é atá ann freisin páirt athsholáthair mhonaróir na feithicle.

2.3.2. Ciallaíonn '*Sceithchóras Neamhbhunaidh nó Córas Ciúnúcháin Neamhbhunaidh (SNBCCN)*' cineál córais seachas córas a fheistítear ar an bhfeithicil tráth an chineálcheadaithe nó tráth a chuirtear síneadh leis an gcineálcheadú.

2.4. Ciallaíonn '*sceithchórais nó córais chiúnúcháin de chumraíochtaí difriúla*' córais atá éagsúil go bunúsach ar cheann de na bealaí seo a leanas:

2.4.1. Córais ina bhfuil comhpháirteanna ar a bhfuil marcanna monarchan nó trádmharcanna éagsúla;

2.4.2. Córais ina bhfuil aon chomhpháirt atá déanta as ábhair a bhfuil tréithe éagsúla acu nó córais ina bhfuil comhpháirteanna faoi chruth nó faoi mhéid éagsúil;

2.4.3. Córais inarb éagsúil na prionsabail oibríochta maidir le comhpháirt amháin ar a laghad;

2.4.4. Córais ina bhfuil comhpháirteanna i gcomhcheangail éagsúla.

([1]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3.), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Ath.7, mír 2 - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

2.5. Ciallaíonn '*comhpháirt sceithchórais nó córais ciúnúcháin*' ceann de na comhpháirteanna aonair lena gcruthaítear an sceithchóras le chéile (amhail píbobair an sceithphíopa, an ciúnadóir) agus an córas iontógála (aerscagaire), más ann dó.

Más rud é nach mór córas iontógála (aerscagaire agus/nó ionsúire torainn iontógála) a fheistiú ar an inneall chun na huasleibhéil fuaime is incheadaithe a chomhlíonadh, déileálfar leis an scagaire agus/nó leis an ionsúire mar chomhpháirteanna atá ar aon tábhacht leis an sceithchóras.

2.6. Ciallaíonn '*mais feithicle foilmhe*' (mar a shainmhínítear i roinn 4.1.2 de ISO 6726: 1988) mais na feithicle atá réidh lena hoibriú ar an ngnáthbhealach agus a bhfuil an trealamh seo a leanas feistithe uirthi:

(a) Trealamh leictreach iomlán lena n-áirítear na feistí soilsithe agus comharthaíochta arna soláthar ag an monaróir;

(b) Na huirlisí agus na feistis uile a cheanglaítear le haon reachtaíocht arb ina leith atá mais thirim na feithicle á tomhas;

(c) An líon iomlán leachtanna lena áirithiú gur mar is ceart a fheidhmeoidh gach cuid den fheithicil agus den umar breosla a bheidh líonta go 90 faoin gcéad ar a laghad den toilleadh a shonróidh an monaróir;

(d) Trealamh tánaisteach a sholáthraíonn an monaróir de ghnáth de bhreis ar an trealamh is gá le haghaidh gnáthoibríochta (foireann uirlisí, iompróir (iompróirí), gaothscáth (gaothscáthanna), trealamh cosanta, etc.)

Nótaí:

1. I gcás feithicil a oibríonn ar mheascán breosla/ola:

1.1. I gcás ina bhfuil an breosla agus an ola réamh-mheasctha, léirmhínítear leis an bhfocal 'breosla' go gcuimsítear réamh-mheascán breosla agus ola dá leithéid;

1.2. I gcás ina méadraítear an breosla agus an ola ar leithligh, léirmhínítear leis an bhfocal 'breosla' nach gcuimsítear ach an peitreal amháin. [Maidir leis an 'ola' sa chás sin, cuimsítear cheana féin í i bhfomhír (c) den mhír seo.]

2.7. Ciallaíonn '*glanchumhacht uasta rátaithe*' an chumhacht rátaithe innill mar a shainmhínítear in ISO 4106:2004.

Léiríonn an tsiombail P_n luach uimhriúil na glanchumhachta uasta rátaithe arna sloinneadh ina cileavatanna.

2.8. Ciallaíonn '*luas innill rátaithe*' luas an innill ag a sroicheann an t-inneall a ghlanchumhacht uasta rátaithe arna sonrú ag an monaróir.

Léiríonn an tsiombail *S* luach uimhriúil an luais innill rátaithe arna shloinneadh ina imrothluithe in aghaidh an nóiméid. ([2])

2.9. Ciallaíonn '*innéacs an chóimheasa cumhachta le meáchan*' an cóimheas idir glanchumhacht uasta rátaithe feithicle agus a mais. Sainítear é mar a leanas:

$$PMR = (P_n / (m_{kerb} + 75)) * 1000$$

I gcás inarb é m_{kerb} luach uimhriúil na maise feithicle foilmhe mar a shainmhínítear i mír 2.6. thuas, arna shloinneadh i gcileagraim.

Léiríonn an tsiombail *PMR* innéacs an chóimheasa cumhachta le meáchan.

2.10. Ciallaíonn '*uasluas*' uasluas na feithicle mar a shainítear in ISO 7117:1995.

Léiríonn an tsiombail v_{uasta} an t-uasluas.

([2]) I gcás ina sroichtear an ghlanchumhacht uasta rátaithe ar roinnt luasanna innill, úsáidtear *S* sa Rialachán seo le haghaidh an luais innill is airde ag a sroichtear an ghlanchumhacht uasta rátaithe.

2.11. Ciallaíonn '*giar glasáilte*' rialú an tras-seolta sa dóigh nach bhféadtar cóimheas giair an tras-seolta a athrú le linn tástála.

2.12. Ciallaíonn '*inneall*' foinse chumhachta na feithicle gan gabhálais inbhainte.

2.13. Sa tábla thíos cuimsítear na siombailí uile a úsáidtear sa Rialachán seo:

Siombail	Aonaid	Míniú	Tagairt
AA'	–	líne fhíorúil ar an rian tástála	Iarscríbhinn 4 – Fíor 1
a_{wot}	m/s^2	luasghéarú ríofa	Iarscríbhinn 3 – 1.4.2.
$a_{wot,ref}$	m/s^2	luasghéarú tagartha forordaithe	Iarscríbhinn 3 – 1.3.3.3.1.2.
a_{urban}	m/s^2	sprioc-luasghéarú forordaithe	Iarscríbhinn 3 – 1.3.3.3.1.2.
BB'	–	líne fhíorúil ar an rian tástála	Iarscríbhinn 4 – Fíor 1
CC'	–	líne fhíorúil ar an rian tástála	Iarscríbhinn 4 – Fíor 1
K	–	fachtóir ualúcháin giair	Iarscríbhinn 3 – 1.4.3.
k_p	–	fachtóir cumhachta páirtí	Iarscríbhinn 3 – 1.4.4.
L	dB(A)	leibhéal fuaimbhrú	Iarscríbhinn 3 – 1.4.1.
$L_{wot(i)}$	dB(A)	L ar lánscóig	Iarscríbhinn 3 – 1.4.6.
L_{FBAF}	dB(A)	L ag dálaí oibriúcháin breise FBAFFT	Iarscríbhinn 7 – 3.3.3.2.
l_{PA}	m	fad an réamh-luasghéaraithe	Iarscríbhinn 3 – 1.3.3.1.1.
m_{kerb}	kg	mais feithicle foilmhe	2.6.
m_t	kg	mais tástála na feithicle	Iarscríbhinn 3 – 1.3.2.2.
n	$nóim^{-1}$	luas innill	
$n_{AA',min}$	$nóim^{-1}$	Luas innill íosta raon rialaithe FBAFFT ag líne AA'	Iarscríbhinn 7 – 2.5
$n_{BB',max}$	$nóim^{-1}$	Luas innill uasta raon rialaithe FBAFFT ag líne BB'	Iarscríbhinn 7 – 2.5
$n_{PP'}$	$nóim^{-1}$	luas innill ag PP'	Iarscríbhinn 7 – 2.6.
n_{idle}	$nóim^{-1}$	luas innill ag luas réchasta	–
$n_{wot(i)}$	$nóim^{-1}$	$n_{PP'}$ arna thomhas nuair a bhraitear $L_{wot(i)}$	Iarscríbhinn 7 – 2.6.
n_{adj}	$nóim^{-1}$	fachtóir coigeartaithe le haghaidh feithiclí PMR ísle ag a bhfuil S ard	Iarscríbhinn 7 – 2.6.
PP'	–	líne fhíorúil ar an rian tástála	Iarscríbhinn 4 – Fíor 1
PMR	–	innéacs an chóimheasa cumhachta le meáchan (PMR)	2.9.
P_n	kW	glanchumhacht uasta rátaithe	2.7.
S	$nóim^{-1}$	luas innill rátaithe	2.8.
V	km/u	luas tomhaiste feithicle	–
v_{max}	km/u	uasluas	2.10.
v_{test}	km/u	luas tástála forordaithe	Iarscríbhinn 3 – 1.3.3.1.1.

Úsáidtear na hinnéacsanna seo a leanas le haghaidh luasanna tomhaiste innill 'n' agus 'v' chun suíomh nó am an tomhais a léiriú:

(a) AA' lena gcuirtear in iúl go bhfreagraíonn an tomhas don phointe ama nuair a théann tosach na feithicle thar an líne AA' (féach Iarscríbhinn 4 – Fíor 1); nó

(b) PP' lena gcuirtear in iúl go bhfreagraíonn an tomhas don phointe ama nuair a théann tosach na feithicle thar an líne PP' (féach Iarscríbhinn 4 – Fíor 1); nó

(c) BB' lena gcuirtear in iúl go bhfreagraíonn an tomhas don phointe ama nuair a théann cúl na feithicle thar an líne BB' (féach Iarscríbhinn 4 – Fíor 1).

Úsáidtear na hinnéacsanna seo a leanas chun an giar a úsáidtear le haghaidh na tástála a léiriú i gcás luasghéaruithe ríofa ar lánscóig a_{wot} agus leibhéil fuaimbhrúnna tomhaiste L:

(a) '(i)' lena gcuirtear in iúl, i gcás tástáil dhá ghiar, an giar is ísle (i.e. an giar lena mbaineann an cóimheas is airde idir giar agus tras-seoladh) agus lena ndéantar tagairt seachas sin don ghiar tástála aonair nó don suíomh roghnaithe giair a úsáidtear; nó

(b) '(i + 1)' lena gcuirtear in iúl, i gcás tástáil dhá ghiar, an giar is airde (i.e. an giar lena mbaineann an cóimheas is ísle idir an giar agus an tras-seoladh).

Le leibhéil tomhaiste fuaimbhrúnna L gabhann innéacs lena léirítear cineál na tástála féin:

(a) 'Wot' lena gcuirtear in iúl tástáil luasghéaraithe ar lánscóig (féach mír 1.3.3.1.1. d'Iarscríbhinn 3); nó

(b) 'CRS' lena gcuirtear in iúl tástáil ar luas seasmhach (féach mír 1.3.3.3.2. d'Iarscríbhinn 3); nó

(c) 'Urban' lena léirítear comhcheangal ualaithe de thástáil ar luas seasmhach agus tástáil luasghéaraithe ar lánscóig (féach mír 1.4.6.2. d'Iarscríbhinn 3).

An t-innéacs 'j' a thagraíonn d'uimhir na tástála, is féidir é a úsáid i dteannta na n-innéacsanna thuasluaite.

3. Iarratas ar cheadú

3.1. Déanfaidh an monaróir nó a ionadaí cuí-údaraithe an t-iarratas ar cheadú cineáil gluaisrothair maidir lena astaíochtaí fuaime a chur isteach.

3.2. Beidh trí chóip de na doiciméid a luaitear faoi seo agus na sonraí seo a leanas ag gabháil leis:

3.2.1. Tuairisc ar an gcineál gluaisrothair maidir leis na míreanna a luaitear i mír 2.2. thuas. Sonrófar na huimhreacha agus/nó na siombailí lena sainaithnítear an cineál innill agus an cineál gluaisrothair;

3.2.2. Liosta de na comhpháirteanna, arna sainaithint go cuí, lena gcomhdhéantar an sceithchóras nó córas ciúnúcháin;

3.2.3. Líníocht den sceithchóras nó den chóras ciúnúcháin cóimeáilte agus léiriú dá shuíomh ar an ngluaisrothar;

3.2.4. Líníochtaí de gach comhpháirt chun gur féidir í a aimsiú agus a shainaithint go héasca, agus sonraíocht na n-ábhar a úsáidtear;

3.2.5. Líníochtaí trasghearrthacha ar a léirítear toisí an sceithchórais. Cuirfear cóip de na líníochtaí sin i gceangal leis an deimhniú dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1.

3.3. Déanfar na doiciméid shonracha a luaitear i mír 3.2 thuas a ullmhú le haghaidh gach cumraíochta sceithchórais nó córais ciúnúcháin, má bhíonn cumraíochtaí éagsúla infheidhme maidir leis an gcineál gluaisrothair atá le ceadú.

3.4. Arna iarraidh sin don tseirbhís theicniúil atá freagrach as tástálacha um cheadú a dhéanamh i gcomhaontú leis na húdaráis chineálcheadaithe, cuirfidh an monaróir gluaisrothar, sa bhreis air sin, sampla den sceithchóras (de na sceithchórais) nó den chóras ciúnúcháin (de na córais chiúnúcháin) isteach.

3.5. Na gluaisrothair uile atá ionadaíoch ar an gcineál céanna ag a bhfuil na cumraíochtaí sceithchórais nó córais ciúnúcháin féideartha uile atá le ceadú, cuirfear iad faoi bhráid na seirbhíse teicniúla atá freagrach as tástálacha um cheadú a dhéanamh i gcomhaontú leis na húdaráis chineálcheadaithe.

3.6. Cuirfear faoi bhráid an Údaráis Cineálcheadaithe tuarascáil tástála ón tSeirbhís Theicniúil a dhéanann an tástáil um chineálcheadú. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil tástála sin:

(a) Sonraí an láithreáin tástála (e.g. teocht dromchla, comhéifeacht ionsúcháin, etc.), suíomh an láithreáin tástála, treoshuíomh an láithreáin agus dálaí aimsire lena n-áirítear luas na gaoithe agus teocht an aeir, treo, brú baraiméadrach, bogthaise;

(b) An cineál trealaimh tomhais lena n-áirítear an gaothscáth;

(c) An leibhéal fuaimbhrú A-ualaithe is gnách don torann cúlrach;

(d) Aitheantas na feithicle, a hinnill, a córais tras-seolta, lena n-áirítear na cóimheasa tras-seolta atá ar fáil, méid agus cineál na mbonn, brú na mbonn, uimhir chineálcheadaithe na mbonn (má tá sí ar fáil) nó monaróir na mbonn agus tuairisc thrádála ar na boinn (i.e. trádainm, innéacs luais, innéacs ualaigh), glanchumhacht uasta rátaithe, mais tástála, innéacs cóimheasa cumhachta le meáchan, $_{wot\ ref}$, a_{urban}, fad na feithicle;

(e) Na giaranna tras-seolta nó na cóimheasa giair a úsáideadh le linn na tástála;

(f) Maidir le tástálacha de réir Iarscríbhinn 3 den Rialachán seo agus maidir leis na tástálacha ar phointí tagartha Iarscríbhinn 7 mír 3.2. an luas feithicle agus an luas innill ag tús na tréimhse luasghéaraithe agus suíomh thús an luasghéaraithe in aghaidh an ghiair arna úsáid;

(g) Maidir le tástálacha de réir Iarscríbhinn 3 den Rialachán seo agus de réir na tástála ar phointí tagartha Iarscríbhinn 7 mír 3.2. an luas feithicle agus an luas innill ag PP' ag deireadh an luasghéaraithe in aghaidh an tomhais bhailí;

(h) Maidir le tástálacha de réir Iarscríbhinn 7, mír 3.3. an luas feithicle agus an luas innill ag línte AA', PP' agus BB';

(i) Maidir le tástálacha de réir Iarscríbhinn 7, mír 3.3. na dálaí ascnaimh i leith líne AA' (luasghéarú, luasmhoilliú nó luas seasmhach) agus an suíomh rialaithe scóige forordaithe (in % den oscailt rialaithe scóige) idir línte AA' agus BB';

Nóta: Is tuairisc é seo ar oibríocht an rialaithe scóige forordaithe. Ní dhéanfar oibríocht an rialaithe scóige iarbhír le linn tástála a thaifeadadh, is amhlaidh nach déanfar measúnú uirthi ach amháin trí bhreathnóireacht;

(j) An modh a úsáidtear chun an luasghéarú a ríomh;

(k) Torthaí an tomhais idirmheánaigh $a_{wot(i)}$, $a_{wot(i\ +\ 1)}$, $L_{wot(i)}$, $L_{wot(i\ +\ 1)}$, $L_{crs(i)}$ agus $L_{crs(i\ +\ 1)}$, más infheidhme;

(l) Na fachtóirí ualaigh k agus k_p agus na torthaí tomhais deiridh L_{wot}, L_{crs}, L_{urban} agus L_{FBAF};

(m) Trealamh tánaisteach na feithicle, i gcás inarb iomchuí, agus a dálaí oibriúcháin;

(n) Na luachanna bailí uile de leibhéal fuaimbhrú A-ualaithe a thomhaistear le haghaidh gach tástála, iad liostaithe de réir thaobh na feithicle agus de réir threo ghluaiseacht na feithicle ar an láithreán tástála; agus

(o) An fhaisnéis ábhartha uile is gá chun na leibhéil éagsúla astaíochta fuaime a fháil.

4. Marcanna

4.1. Beidh na sainaitheantais seo a leanas ar a laghad ar chomhpháirteanna an sceithchórais nó an chórais ciúnúcháin:

4.1.1. Trádainm nó marc mhonaróir an sceithchórais nó an chórais ciúnúcháin agus a chomhpháirteanna;

4.1.2. Tuairisc thrádála a thug an monaróir;

4.1.3. Uimhreacha aitheantais na páirte; agus

4.1.4. Maidir leis na ciúnadóirí bunaidh uile, marc 'E' agus dhiaidh sin sainaitheantas na tíre a dheonaigh cineálcheadú na comhpháirte. ([3])

4.1.5. Aon phacáil a dhéanfar ar sceithchórais bhunaidh nó ar chórais chiúnúcháin bhunaidh athsholáthair, déanfar í a mharcáil go soléite leis na focail 'páirt bhunaidh' agus déanfar na tagairtí don déanamh agus don chineál a chomhtháthú le chéile leis an marc 'E' agus leis an tagairt don tír thionscnaimh chomh maith.

4.1.6. Beidh na marcanna sin doscriosta, soiléir soléite agus infheicthe freisin, san áit ina mbeidh siad le feistiú ar an bhfeithicil.

5. Ceadú

5.1. An cineál gluaisrothair a chuirfear isteach le haghaidh cineálcheadú de bhun an Rialacháin seo, má chomhlíonann sé ceanglais mhíreanna 6. agus 7. thíos, deonófar ceadú le haghaidh an chineáil gluaisrothair sin.

5.2.1. Sannfar uimhir cheadúcháin do gach cineál a cheadófar. Leis an gcéad dá dhigit, sonrófar an tsraith leasuithe ina n-ionchorpraítear na mórleasuithe teicniúla is déanaí a rinneadh ar an Rialachán an tráth a eisítear an ceadú. Ní fhéadfaidh an Páirtí Conarthach céanna an uimhir chéanna a shannadh do chineál eile gluaisrothair.

5.2.2. Déanfar cumraíochtaí iomadúla sceithchórais nó córais ciúnúcháin a liostú go sainráite faoin gceadú céanna um chineál gluaisrothair agus lena dtorthaí tástála féin.

5.3. Fógra maidir le ceadú nó diúltú cineáil gluaisrothair de bhun an Rialacháin seo, cuirfear in iúl é do na Páirtithe sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, trí bhíthin foirm a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí bhíthin líníochtaí den sceithchóras nó den chóras ciúnúcháin, a sholáthróidh an t-iarratasóir ar cheadú i bhformáid nach mó ná A4 (210 × 297 mm) nó a bheidh fillte de réir na formáide sin agus ar scála iomchuí.

5.4. Déanfar foráil in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis an bhfaisnéis ar leith a bhaineann le cumraíochtaí iomadúla sceithchórais nó córais ciúnúcháin a luaitear i mír 5.2.2. thuas.

5.5. Beidh marc ceadaithe idirnáisiúnta greamaithe, in áit fheiceálach a bheidh éasca teacht air agus a bheidh sonraithe ar an bhfoirm um cheadú, de gach gluaisrothar a bheidh i gcomhréir le cineál gluaisrothair a cheadaítear faoin Rialachán seo, ar marc é ina mbeidh:

5.5.1. Ciorcal timpeall na litreach 'E' agus ina dhiaidh sin sainuimhir na tíre a dheonaigh an ceadú[3]; agus

5.5.2. Ar thaobh na láimhe deise den chiorcal a fhorordaítear i mír 5.5.1., uimhir an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin, an litir 'R', dais, agus an uimhir cheadaithe.

5.6. Má tá an gluaisrothar i gcomhréir, sa tír a dheonaigh ceadú faoin Rialachán seo, le cineál gluaisrothair atá ceadaithe faoi cheann amháin nó níos mó de na Rialacháin eile atá i gceangal leis an gComhaontú, ní gá an tsiombail a fhorordaítear i mír 5.5.1. a chur ar fáil arís; i gcás den sórt sin, déanfar an Rialachán agus na huimhreacha ceadaithe agus siombailí breise na Rialachán uile faoinar deonaíodh ceadú sa tír a dheonaigh ceadú faoin Rialachán seo a chur i gcolúin ingearacha ar thaobh na láimhe deise den tsiombail a fhorordaítear i mír 5.5.1.

([3]) Déantar sainuimhreacha na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 a atáirgeadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), is é sin doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev. 7, Iarscríbhinn 3 - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

5.7. Beidh an marc ceadaithe soléite agus doscriosta.

5.8. Pláta sonraí an ghluaisrothair, pláta a bheidh greamaithe den ghluaisrothar ag an monaróir, is ar an bpláta sin nó gar dó a chuirfear an marc ceadaithe.

5.9. In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo, tugtar samplaí de leagan amach an mhairc ceadaithe.

6. Sonraíochtaí

6.1. Sonraíochtaí ginearálta

6.1.1. Soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas ar an ngluaisrothar in áit inrochtana ach ní gá go mbeadh sí infheicthe láithreach:

(a) Ainm an mhonaróra;

(b) An sprioclus innill agus toradh deiridh na tástála ar an bhfeithicil agus í ina stad mar a shainítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo;

Sa bhreis air sin, i gcás gluaisrothair de chatagóir L_3 lena mbaineann *PMR* > 50 taispeánfar na sonraí tagartha maidir le comhlíonadh le linn úsáide mar a shainítear i mír 3. d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo. Féadfar na sonraí sin a sholáthar in aon áit amháin mar aon leis an bhfaisnéis in 6.1.1.(a) agus 6.1.1.(b), sin nó féadfar iad a sholáthar in áit eile atá difriúil leis an bhfaisnéis in 6.1.1.(a). ([4])

6.2. Sonraíochtaí maidir le leibhéil fuaime

6.2.1. Maidir le hastaíochtaí fuaime an chineáil gluaisrothair a chuirfear isteach lena cheadú, tomhaisfear iad leis an dá mhodh a thuairiscítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo (an gluaisrothar ag gluaiseacht agus an gluaisrothar agus é ina stad) ([5]); i gcás gluaisrothar nach n-oibrítear inneall dócháin inmheánaigh ann nuair atá an gluaisrothar ina stad, ní thomhaisfear ach an torann a dhéantar agus é ag gluaiseacht.

6.2.2. Torthaí na dtástálacha a gheofar i gcomhréir le forálacha mhír 6.2.1. thuas, déanfar iad a iontráil sa tuarascáil tástála agus i bhfoirm a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

6.2.3. Maidir le torthaí na tástála le haghaidh an ghluaisrothair atá ag gluaiseacht arna bhfáil i gcomhréir le mír 1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo, ar torthaí iad a shlánaítear ar bhonn matamaiticiúil go dtí an tslánuimhir is gaire, ní rachaidh siad thar na teorainneacha a fhorordaítear (maidir le gluaisrothair nua agus maidir le córais chiúnúcháin nua) in Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh na catagóire lena mbaineann an gluaisrothar. In aon chás, ní rachaidh L_{wot} níos mó ná 5 dB thar an teorainnluach le haghaidh L_{urban}.

6.3. Forálacha breise maidir le hastaíochtaí fuaime

6.3.1. Ní bhainfidh an monaróir gluaisrothair úsáid as aon fheiste, aon nós imeachta ná aon bhogearra lena modhnófaí aon pharaiméadar feidhmiúil de chuid na feithicle a bhaineann le torann chun pas a fháil sna tástálacha laistigh den Rialachán seo agus a mbeadh astaíochtaí torainn méadaithe mar thoradh orthu le linn gnáthoibríocht ar an mbóthar i raon rialaithe FBAFFT d'Iarscríbhinn 7 mír 2.5, i gcomparáid leo sin le linn tástála de réir fhorálacha an Rialacháin seo.

6.3.2. An cineál feithicle atá le ceadú comhlíonfaidh sé ceanglais Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an Rialachán seo. Má tá ríomhchláir bogearraí nó móid atá inroghnaithe ag an úsáideoir ar an ngluaisrothar a dhéanann difear d'astaíocht torainn na feithicle, beidh na móid sin uile i gcomhréir leis na ceanglais in Iarscríbhinn 7.

([4]) Soláthar sonraí tagartha maidir le comhlíonadh le linn úsáide ar an ngluaisrothar, is rud é sin a mheastar a bheidh iomarcach mar thoradh ar bhunú bunachair sonraí cineálcheadaithe leictreonaigh.

([5]) Déantar tástáil ar ghluaisrothar atá ina stad chun luach tagartha a sholáthar d'údaráis riaracháin a úsáideann an modh sin chun gluaisrothair atá in úsáid a sheiceáil.

6.3.3. San iarratas ar chineálcheadú nó ar chineálcheadú a mhionathrú nó a shíneadh, tabharfaidh an monaróir ráiteas i gcomhréir le hIarscríbhinn 8 go gcomhlíonann an cineál feithicle atá le ceadú ceanglais mhír 6.3.1. den Rialachán seo.

6.3.4. Torthaí na dtástálacha a gheofar i gcomhréir le forálacha mhír 6.3. 2. thuas, déanfar iad a iontráil sa tuarascáil tástála agus i bhfoirm a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

6.4. Sonraíochtaí breise maidir le sceithchórais nó córais chiúnúcháin atá líonta le hábhar snáithíneach

6.4.1. Má tá ábhair shnáithíneacha i sceithchóras nó i gcóras ciúnúcháin an ghluaisrothair, beidh feidhm ag ceanglais Iarscríbhinn 5. Má tá aerscagaire agus/nó ionsúire torainn iontógála feistithe ar iontógáil an innill, ar nithe iad is gá lena áirithiú go gcomhlíonfar an leibhéal fuaime incheadaithe, measfar gur cuid den chóras ciúnúcháin iad an scagaire agus/nó an t-ionsúire, agus beidh feidhm ag ceanglais Iarscríbhinn 5 maidir leo freisin.

6.5. Saintreoracha breise a bhaineann le crioscaíl agus le sceithchórais nó córais chiúnúcháin ilmhodha is féidir a choigeartú de láimh

6.5.1. Déanfar na sceithchórais nó na córais chiúnúcháin uile a thógáil ar dhóigh nach bhféadfaí na nithe seo a leanas a bhaint go héasca: sciatha, cóin amach agus páirteanna eile a fheidhmeoidh go príomha mar chuid de na cuasáin chiúnúcháin/bhorrtha. I gcás nach bhfuil aon dul as páirt den sórt sin a ionchorprú, déanfar í a cheangal a dhóigh nach mbeifear in ann í a bhaint go héasca (e.g. le gnáthfheistiú snáithithe) agus ba cheart í a cheangal freisin ar dhóigh go ndéanfaí damáiste buan/doleasaithe don chóimeáil dá mbainfí í.

6.5.2. Maidir le sceithchórais nó le córais chiúnúcháin a bhfuil ilmhodhanna oibriúcháin acu is féidir a choigeartú de láimh, comhlíonfaidh siad na ceanglais uile sna modhanna oibriúcháin uile. Is éard a bheidh sna leibhéil torainn tuairiscithe na leibhéil torainn sin atá mar thoradh ar an modh is airde leibhéil torainn.

7. Modhnú agus síneadh ar cheadú an chineáil gluaisrothair nó an chineáil sceithchórais (sceithchóras) nó an chineáil córais (córas) ciúnúcháin

7.1. Déanfar gach mionathrú ar an gcineál gluaisrothair nó ar an sceithchóras nó ar an gcóras ciúnúcháin a chur in iúl don Údarás Cineálcheadaithe a cheadaigh an cineál gluaisrothair. Ina dhiaidh sin, féadfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe ceann díobh seo a leanas a dhéanamh:

7.1.1. A mheas nach dócha go mbeidh éifeachtaí díobhálacha suntasacha ag na modhnuithe a rinneadh, agus in aon chás go gcomhlíonfaidh an gluaisrothar ceanglais an Rialacháin seo fós; nó

7.1.2. Tuarascáil ar thástáil eile a iarraidh ón tSeirbhís Theicniúil atá freagrach as na tástálacha a dhéanamh.

7.2. Cuirfear dearbhú nó diúltú ceadaithe, lena sonrófar na mionathruithe, in iúl do na Páirtithe sa Chomhaontú a chuireann Rialachán seo i bhfeidhm de réir an nós imeachta a shonraítear i mír 5.3. thuas.

7.3. An t-údarás inniúil a d'eisigh an síneadh le ceadú, sannfaidh sé sraithuimhir don síneadh agus tabharfaidh sé fógra faoi sin do na Páirtithe eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, trí bhíthin foirm chumarsáide a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

8. Comhréireacht táirgeachta

Na nósanna imeachta um chomhréireacht táirgeachta, comhlíonfaidh siad na nósanna imeachta sin a leagtar amach sa Chomhaontú, Aguisín 2 (E/ECE/324-E/ECE/TRANS/505/Ath.2), agus comhlíonfaidh siad na ceanglais seo a leanas:

8.1. Aon ghluaisrothar a mhonaraítear, beidh sé i gcomhréir le cineál gluaisrothair arna fhormheas de bhun an Rialacháin seo, beidh an ciúnadóir lenar cineálcheadaíodh é feistithe air agus comhlíonfaidh sé ceanglais mhír 6 thuas.

8.2. Chun comhréireacht a thástáil mar a cheanglaítear thuas, glacfar ghluaisrothar samplach ó líne tháirgthe an chineáil a cineálcheadaíodh de bhun an Rialacháin seo. Maidir leis na leibhéil fuaime arna dtomhas agus arna bpróiseáil (L_{urban} agus L_{wot}) de réir an mhodha a thuairiscítear in Iarscríbhinn 3, agus an giar (giaranna) céanna agus an fad (faid) réamh-luasghéaraithe céanna á n-úsáid sa tástáil bhunaidh ar chineálcheadú, agus a slánaíodh go matamaiticiúil go dtí an tslánuimhir is gaire, ní bheidh siad 3.0 dB(A) níos mó ná na luachanna arna dtomhas agus arna bpróiseáil tráth an chineálcheadaithe. Ina theannta sin, ní bheidh L_{urban} 1,0 dB(A) níos mó ná an teorainn a leagtar síos in Iarscríbhinn 6 den Rialachán seo, agus ní bheidh L_{wot}, i dtaca le 6.2.3., 6,0 dB (A) níos mó ná an luach teorann do L_{urban}.

8.3. Maidir le comhréireacht táirgeachta, déanfaidh an monaróir dearbhú athnuaite go gcomhlíonann an cineál ceanglais mhír 6.3.1. den Rialachán seo fós. Na leibhéil fuaime tomhaiste de réir Iarscríbhinn 7, ní bheidh siad níos mó ná 1,0 dB(A) os cionn na dteorainneacha a thugtar i mír 2.6. d'Iarscríbhinn 7. Ar a laghad, déanfar tástálacha sna dálaí oibriúcháin le haghaidh na bpointí tagartha de réir mhír 3.2 d'Iarscríbhinn 7.

8.4. Más rud é, mar gheall ar bhrú baraiméadrach, bogthaise, teocht nó mais rothaí atá an-difriúil, nach féidir an luasghéarú tagartha $a_{wot,ref}$ a shainítear i mír 1.3.3.3.1.2. d'Iarscríbhinn 3 a bhaint amach leis an ngiar céanna sa chomhréireacht táirgeachta leis na tástálacha cineálcheadaithe, beidh forlámhas ag an ngiar a chinnfear de réir an cheanglais i mír 1.3.3.3.1.3.1. d'Iarscríbhinn 3 le linn cineálcheadaithe agus féadfar na tástálacha maidir le comhréireacht táirgeachta a dhéanamh trí úsáid a bhaint as luasghéarú atá éagsúil le $a_{wot,ref}$.

9. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta

9.1. An ceadú a dheonófar i leith cineál gluaisrothair de bhun an Rialacháin seo, féadfar é a tharraingt siar mura gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i mír 8. thuas.

9.2. Páirtí sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, má tharraingíonn sé siar ceadú a dheonaigh sé roimhe sin tabharfaidh sé fógra láithreach faoi sin do na Páirtithe Conarthacha eile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm chumarsáide a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

10. Táirgeadh arna scor go cinnte

Má scoireann sealbhóir an cheadaithe go hiomlán den chineál gluaisrothair a cheadaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo a mhonarú, cuirfidh sé an méid sin in iúl don údarás a dheonaigh an ceadú. Tar éis don údarás sin an fógra ábhartha a fháil, cuirfidh sé na Páirtithe eile sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm ar an eolas faoi, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm chumarsáide a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

11. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha um cheadú a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe

Na Páirtithe i gComhaontú 1958 a bhfuil an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu, cuirfidh siad in iúl do Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha um cheadú a dhéanamh, sin agus ainmneacha agus seoltaí agus na nÚdarás Cineálcheadaithe a dheonaíonn ceadú, arb údaráis iad ar chucu atá foirmeacha le cur lena ndeimhnítear ceadú, síneadh, nó diúltú nó tarraingt siar ceadaithe, a eisíodh i dtíortha eile.

12. Forálacha idirthréimhseacha

12.1. Ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 06 i bhfeidhm, ní dhiúltóidh aon Pháirtí Conarthach a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm cineálcheaduithe a dheonú faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 06 ná ní dhiúltóidh siad glacadh leis na cineálcheaduithe sin.

12.2. Ón 1 Eanáir 2029, ní bheidh sé d'oibleagáid ar Pháirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, glacadh le cineálcheaduithe faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, cineálcheaduithe a eisíodh den chéad uair tar éis an 1 Eanáir 2029.

12.3. Go dtí an 1 Eanáir 2030, Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm glacfaidh siad le cineálcheaduithe faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, cineálcheaduithe a eisíodh den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2029.

12.4. Ón 1 Eanáir 2030, ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm glacadh le cineálcheaduithe a eisíodh faoin tsraith leasuithe a rinneadh roimhe seo ar an Rialachán seo.

12.5. D'ainneoin na bhforálacha idirthréimhseacha thuas, na Páirtithe Conarthacha a thosaíonn ar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm tar éis dháta theacht i bhfeidhm na sraithe leasuithe is déanaí, níl oibleagáid orthu glacadh le cineálcheaduithe a deonaíodh i gcomhréir le haon cheann de na sraitheanna leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo / níl oibleagáid orthu ach glacadh le cineálcheadú a deonaíodh i gcomhréir le sraith leasuithe 06 amháin.

12.6. D'ainneoin mhír 12.4, i gcás na bhfeithiclí/na gcóras feithiclí nach ndéanann na hathruithe a tugadh isteach le sraith leasuithe 06 difear dóibh, leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm de bheith ag glacadh le cineálcheaduithe a eisíodh i gcomhréir leis an tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo.

12.7. Féadfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm cineálcheaduithe a dheonú i gcomhréir le haon sraith leasuithe roimhe sin ar an Rialachán seo.

12.8. Leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm de shíntí a dheonú do cheaduithe atá ann cheana faoi aon sraith leasuithe roimhe seo ar an Rialachán seo.

12.9. Ón 10 Eanáir 2025, glacfar ISO 10844:2021 le haghaidh na gceaduithe uile a dheonaítear faoin Rialachán seo. Ón 10 Eanáir 2030, glacfar ISO 10844:2014 le haghaidh na gceaduithe uile a dheonaítear faoin Rialachán seo.

IARSCRÍBHINN 1

Cumarsáid

(Formáid uasta: A4 (210 × 297 mm)



arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin
……
……
……

maidir le ([2]):
Ceadú deonaithe
Síneadh le ceadú
Ceadú diúltaithe
Ceadú aistarraingthe
Táirgeadh arna scor go cinnte

i gcás cineál gluaisrothair maidir le torann a astaíonn gluaisrothair de bhun Rialachán Uimh. 41

Ceadú Uimh.: …… Síneadh Uimh.: ……

1. Trádainm nó marc an ghluaisrothair: ……

2. Cineál gluaisrothair: ……

3. Ainm agus seoladh an mhonaróra: ……

4. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra, más infheidhme: ……

5. Inneall

5.1. Monaróir: ……

5.2. Cineál: ……

5.3. Samhail: ……

5.4. Glanchumhacht uasta rátaithe: …… kW ag ……nóim^{-1}

5.5. An cineál innill (e.g. adhaint dheimhneach, adhaint chomhbhrú, etc.): ([3]) ……

5.6. Timthriallta: dhá bhuille/ceithre bhuille [2]

5.7. Toilleadh sorcóra: ……cm^3

6. Tras-seoladh

6.1. Cineál tras-seolta: giarbhosca láimhe/giarbhosca uathoibríoch: ……

6.2. An líon giaranna: ……

7. Trealamh

7.1. Ciúnadóir sceite

7.1.1. Monaróir nó a ionadaí údaraithe (más ann dó): .....

7.1.2. Samhail: .....

7.1.3. Cineál: i gcomhréir le líníocht Uimh. .....

7.2. Ciúnadóir na hiontógála

7.2.1. Monaróir nó a ionadaí údaraithe (más ann dó): .....

7.2.2. Samhail: .....

7.2.3. Cineál: ..... i gcomhréir le líníocht Uimh. .....

8. Giaranna a úsáidtear chun tástáil a dhéanamh ar ghluaisrothar atá ag gluaiseacht: .....

9. Cóimheas(a) tiomána deiridh: .....

10. Uimhir chineálcheadaithe an bhoinn/na mbonn: .....

Mura bhfuil sin ar fáil, soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas:

10.1. Monaróir na mbonn: .....

10.2. Tuairisc(í) tráchtála ar an gcineál boinn (de réir acastóra), (e.g. trádainm, innéacs luais, innéacs ualaigh): .....

10.3. Méid na mbonn (de réir acastóra): .....

10.4. Uimhir chineálcheadaithe eile (má tá sí ar fáil): .....

11. Maiseanna

11.1. Ollmheáchan uasta ceadaithe: ..... kg

11.2. Mais tástála: ..... kg

11.3. Innéacs cóimheasa cumhachta le meáchan (*PMR*): .....

12. Fad na feithicle: ..... m

12.1. Fad tagartha l_{ref}: ..... m

13. Luasanna feithicle i ngiar (i)

13.1. An luas feithicle ag tús na tréimhse luasghéaraithe (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i): ..... km/u

13.2. Fad an réamh-luasghéaraithe le haghaidh ghiar (i): ..... m

13.3. Luas feithicle $v_{PP,}$ (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i): ..... km/u

13.4. Luas feithicle $v_{BB,}$ (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i): ..... km/u

14. Luasanna feithicle i ngiar (i +1) (más infheidhme)

14.1. An luas feithicle ag tús na tréimhse luasghéaraithe (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i+1): ..... km/u

14.2. Fad an réamh-luasghéaraithe le haghaidh ghiar (i+1): ..... m

14.3. Luas feithicle $v_{PP'}$ (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i+1): .....km/u

14.4. Luas feithicle $v_{BB'}$ (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i+1): .....km/u

15. Ríomhtar na luasghéaruithe idir línte AA' agus BB'/PP' agus BB'

15.1. Tuairisc ar fheidhmiúlacht na bhfeistí a úsáidtear chun an luasghéarú a chobhsú (más infheidhme): .....

16. Leibhéil torainn a bhaineann le feithicil atá ag gluaiseacht

16.1. Toradh tástála ar scóig lánoscailte L_{wot}: .....db(A)

16.2. Torthaí tástála ar luas seasmhach L_{crs}: .....db(A)

16.3. Fachtóir cumhachta páirtí k_p: .....

16.4. Toradh deiridh tástála L_{urban}: .....db(A)

17. Leibhéal torainn na feithicle agus í ina stad

17.1. Suíomh agus treoshuíomh an mhicreafóin (de réir Aguisín 2 d'Iarscríbhinn 3): .....

17.2. Toradh na tástála agus an fheithicil ina stad: .....dB(A) ag .....$nóim^{-1}$

18. Forálacha breise maidir le hastaíochtaí fuaime:

18.1.	Dálaí oibriúcháin FBAFFT	Pointe Tagartha (a)	Pointe Tagartha (b)	dáil oibriúcháin bhreise 1	dáil oibriúcháin bhreise 2	dáil oibriúcháin bhreise 3
				giar i i= 1 go n (an líon giaranna)		
18.1.1.	Uimhir an ghiair roghnaithe					
1.8.1.2.	Dáil ascnaimh go líne AA' (luasghéarú, luasmhoilliú nó luas seasmhach)	neamh-bhainteach	neamh-bhainteach			
1.8.1.3.	Suíomh rialaithe na scóige (%)	neamh-bhainteach	neamh-bhainteach			
18.1.4.	Luasanna feithicle	-	-	-	-	-
18.1.4.1.	An luas feithicle ag tús na tréimhse luasghéaraithe (3 rith ar an meán) (km/u)			neamh-bhainteach	neamh-bhainteach	neamh-bhainteach
18.1.4.2.	Fad an réamh-luasghéaraithe (m)			neamh-bhainteach	neamh-bhainteach	neamh-bhainteach
18.1.4.3.	Luas na feithicle $_{AA'}$ (3 rith ar an meán le haghaidh Phointí Tagartha (a) agus (b)) (km/u)					

18.1.	Dálaí oibriúcháin FBAFFT	Pointe Tagartha (a)	Pointe Tagartha (b)	dáil oibriúcháin bhreise 1	dáil oibriúcháin bhreise 2	dáil oibriúcháin bhreise 3
				giar i i= 1 go n (an líon giaranna)		
18.1.4.4.	Luas na feithicle $v_{PP'}$ (3 rith ar an meán le haghaidh Phointí Tagartha (a) agus (b)) (km/u)					
18.1.4.5.	Luas na feithicle $v_{BB'}$ (3 rith ar an meán le haghaidh Phointí Tagartha (a) agus (b)) (km/u)					
18.1.5.	Luasanna innill	-	-	-	-	-
18.1.5.1.	Luas an innill $n_{AA'}$ (3 rith ar an meán le haghaidh Phointí Tagartha (a) agus (b)) (km/u)					
18.1.5.2.	Luas an innill $n_{PP'}$ (3 rith ar an meán le haghaidh Phointí Tagartha (a) agus (b)) (km/u)					
18.1.5.3.	Luas an innill $n_{BB'}$ (3 rith ar an meán le haghaidh Phointí Tagartha (a) agus (b)) ($nóim^{-1}$)					
18.1.6.	Toradh tástála ar lánscóig L_{wot} le haghaidh Phointí Tagartha (a) agus (b) (dB(A))			neamh-bhainteach	neamh-bhainteach	neamh-bhainteach
18.1.7.	uasleibhéal fuaimbhrú L_{FBAF} na ndálaí oibriúcháin breise	neamh-bhainteach	neamh-bhainteach			
18.1.8.	Teorainn FBAFFT'					

Nóta: Ní mór na colúin le haghaidh na ndálaí oibriúcháin breise 1, 2 agus 3 sa tábla thuas a athdhéanamh le haghaidh gach giair is gá a thástáil.

18.2. Féach ráiteas an mhonaróra maidir le comhlíonadh cheanglais mhír 6.3.1. (i gceangal).

19. Sonraí tagartha maidir le comhlíonadh le linn úsáide

19.1. Giar (i) nó, i gcás feithiclí a thástáiltear le cóimheasa giair nach bhfuil glasáilte, suíomh roghnóir na ngiaranna a roghnaítear don tástáil: .....

19.2. Fad an réamh-luasghéaraithe l_{PA}: ..... m

19.3. An luas feithicle ag tús na tréimhse luasghéaraithe (3 rith ar an meán) le haghaidh ghiar (i): .....km/u

19.4. Leibhéal fuaimbhrú $L_{wot(i)}$: ……dB(A)

19.5. Ríomhchláir bogearraí nó móid atá inroghnaithe ag an úsáideoir a bhfuil éifeacht acu ar $L_{wot(i)}$ nó ar L_{crs} nó L_{urb} nó L_{FBAF}

19.5.1. Liosta de ríomhchláir bogearraí nó móid atá inroghnaithe ag an úsáideoir: ……

19.5.2. Ríomhchláir bogearraí nó móid atá inroghnaithe ag an úsáideoir a úsáidtear le haghaidh chinneadh L_{urb} de réir Iarscríbhinn 3: ……

19.5.3. Ríomhchláir bogearraí nó móid atá inroghnaithe ag an úsáideoir a úsáidtear le haghaidh chinneadh L_{wot} agus L_{FBAF} de réir Iarscríbhinn 7: ……

20. An dáta a cuireadh an fheithicil isteach lena ceadú: ……

21. An tSeirbhís Theicniúil a dhéanann na tástálacha um cheadú: ……

22. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: ……

23. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: ……

24. Ceadú deonaithe/sínte/diúltaithe/aistarraingthe: ……

25. Áit: ……

26. Dáta: ……

27. Síniú: ……

28. Is iad seo a leanas na doiciméid atá i gceangal leis an bhfoirm chumarsáide seo, ar a bhfuil an uimhir cheadaithe a léirítear thuas:

Líníochtaí, léaráidí agus pleananna den inneall agus den chóras laghdaithe torainn;

Grianghraif den inneall agus den sceithchóras nó den chóras ciúnúcháin;

Liosta na gcomhpháirteanna, arna sainaithint go cuí, lena gcomhdhéantar an córas laghdaithe torainn.

---


(1) Sainuimhir na tíre a dheonaigh/a shínigh/a dhiúltaigh nó a tharraing siar ceadú
(2) Scrios aon rud nach mbaineann le hábhar
(3) Má úsáidtear inneall neamhthraidisiúnta, ba cheart é sin a lua

IARSCRÍBHINN 2

Leagan amach marcanna ceadaithe

SAMHAIL A

(Féach mír 5.5. den Rialachán seo)




a = 8 mm ar a laghad

Léirítear ar an marc ceadaithe thuas atá greamaithe de ghluaisrothar go ndearnadh an cineál gluaisrothair lena mbaineann a cheadú, maidir le torann, san Ísiltír (E4) de bhun Rialachán Uimh. 41 faoi Cheadú Uimh. 052439. Léirítear leis an gcéad dá dhigit den uimhir cheadaithe gur deonaíodh an ceadú de réir cheanglais Rialachán Uimh. 41 arna leasú le sraith leasuithe 05.

SAMHAIL B

(Féach mír 5.6. den Rialachán seo)



a = 8 mm ar a laghad

Léirítear ar an marc ceadaithe thuas atá greamaithe de ghluaisrothar gur ceadaíodh an cineál gluaisrothair lena mbaineann san Ísiltír (E 4) de bhun Rialacháin Uimh. 41 agus 10. Leis an gcéad dá dhigit de na huimhreacha ceadaithe, léirítear go raibh, ar na dátaí a deonaíodh na ceaduithe sin, sraith leasuithe 05 san áireamh i Rialachán Uimh. 41 go raibh sraith leasuithe 01 san áireamh i Rialachán Uimh. 10.

IARSCRÍBHINN 3

Modhanna agus uirlisí lena dtomhaistear an torann a dhéanann gluaisrothair

1. Torann an ghluaisrothair atá ag gluaiseacht (dálaí tomhais agus modh tástála na feithicle le linn chineálcheadú na comhpháirte).

1.1. Uirlisí tomhais

1.1.1. Tomhais fuaime

1.1.1.1. Ginearálta

Chun an leibhéal fuaimbhrú a thomhas úsáidfear méadar fuaimleibhéil nó córas tomhais coibhéiseach a chomhlíonann na ceanglais a bhaineann le huirlisí d'Aicme 1 (lena n-áirítear an gaothscáth molta, má úsáidtear é). Tugtar tuairisc ar na ceanglais sin in IEC 61672-1:2002:

Déanfar tomhais agus úsáid á baint as ualú ama 'F' na huirlise tomhais fuaime agus as an gcuar ualaithe minicíochta 'A' a thuairiscítear freisin in IEC 61672-1:2002. Agus córas á úsáid lena ndéantar faireachán tréimhsiúil ar an leibhéal fuaimbhrú A-ualaithe, ba cheart an leibhéal a léamh ag eatramh ama nach mó ná 30 ms.

Déanfar na huirlisí a choinneáil ar bun agus a chalabrú i gcomhréir le treoracha mhonaróir na huirlise.

1.1.1.2. Calabrú

Ag tús agus ag deireadh gach seisiúin tomhais, déanfar an córas tomhais fuaime ar fad a sheiceáil le calabróir fuaime a chomhlíonann na ceanglais le haghaidh chalabróirí fuaime Aicme 1 de réir IEC 60942:2003. Mura ndéantar aon choigeartú eile, beidh an difear idir na léamha níos lú ná 0,5 dB(A) nó cothrom leis sin. Má théitear thar an luach sin, gheofar réidh le torthaí na dtomhas a fhaightear tar éis na seiceála sásúla deireanaí.

1.1.1.3. Comhlíonadh na gceanglas

Déanfar comhlíonadh an chalabróra fuaime maidir le ceanglais IEC 60942:2003 a fhíorú uair amháin sa bhliain. Déanfar comhlíonadh an chórais ionstraimíochta maidir le ceanglais IEC 61672-1:2002 a fhíorú gach 2 bhliain ar a laghad. Déanfar na tástálacha comhlíontachta uile i saotharlann atá údaraithe chun calabruithe a dhéanamh atá i gcomhréir leis na caighdeáin iomchuí.

1.1.2. Ionstraimíocht le haghaidh tomhais luais

Déanfar luas rothlaithe an innill a thomhas le huirlis a chomhlíonann teorainneacha sonraíochta ±2 faoin gcéad ar a laghad nó níos fearr ná sin ag na luasanna innill a theastaíonn chun na tomhais a dhéanamh. I gcás ina bhfuil tomhais eile ann a bhaineann leis na luasanna innill, féadfar an luach ríofa a úsáid (e.g. ríomh ó thomhas luas na feithicle).

Déanfar luas bóthair na feithicle a thomhas le huirlisí a chomhlíonann teorainneacha sonraíochta ±0,5 km/u ar a laghad agus feistí tomhais leanúnaigh á n-úsáid.

Má úsáidtear tomhais neamhspleácha luais chun tástáil a dhéanamh, déanfaidh an ionstraimíocht sin critéir shonraíochta ±0,2 km/u ar a laghad a chomhlíonadh ([1]).

([1]) Is éard atá i gceist le tomhais neamhspleácha luais tomhais a dhéantar nuair a chinnfidh dhá fheiste ar leithligh nó níos mó luachanna $v_{AA''}$, $v_{BB'}$ agus $v_{PP'}$. Le feiste tomhais leanúnaigh amhail radar cinnfear an fhaisnéis luais riachtanach uile le haon fheiste amháin.

1.1.3. Ionstraimíocht mheitéareolaíoch

An ionstraimíocht mheitéareolaíoch a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar dhálaí timpeallachta le linn na tástála, comhlíonfaidh sí na sonraíochtaí seo a leanas:

±1 °C nó níos lú le haghaidh feiste tomhais teochta;

±1,0 m/s le haghaidh feiste tomhais luas na gaoithe;

±5 hPa le haghaidh feiste tomhais brú bharaiméadraigh;

±5 faoin gcéad le haghaidh feiste tomhais bogthaise coibhneasta.

1.2. Timpeallacht fuaime, dálaí meitéareolaíochta agus torann cúlrach

1.2.1. Láithreán tástála

Is é a bheidh sa láithreán tástála roinn lárnach luasghéaraithe a mbeidh limistéar tástála a bheidh nach mór cothrom timpeall air. Beidh an roinn luasghéaraithe cothrom; beidh an dromchla tirim agus beidh sé deartha ionas go mbeidh an torann rollta íseal i gcónaí.

Ar an láithreán tástála, déanfar na héagsúlachtaí sa saor-réimse fuaime idir an fhoinse fuaime ag lár na roinne luasghéaraithe agus an micreafón a choinneáil ar bun laistigh de 1 dB(A). Measfar go gcomhlíonfar an coinníoll sin mura bhfuil nithe móra laistigh de 50 m ó lár na roinne luasghéaraithe, ar nithe iad a fhrithchaitheann fuaim, amhail fálta, carraigeacha, droichid nó foirgnimh. Beidh clúdach dromchla bóthair an láithreáin tástála i gcomhréir le ISO10844:2021.

Ní chuirfear bac ar bith ar an micreafón a d'fhéadfadh cur isteach ar an réimse fuaime, agus ní fhéadfaidh aon duine seasamh idir an micreafón agus an fhoinse fuaime. An breathnóir a dhéanfaidh na tomhais, beidh sé in áit a fhágfaidh nach ndéanfaidh sé difear do léamha na huirlise tomhais.

1.2.2. Na dálaí meitéareolaíocha

Seachadfaidh an ionstraimíocht mheitéareolaíoch sonraí atá ionadaíoch don láithreán tástála, agus beidh sí suite cóngarach don limistéar tástála ag airde atá ionadaíoch d'airde an mhicreafóin tomhais.

Déanfar na tomhais nuair a bheidh teocht an aeir chomhthimpeallaigh laistigh den raon ó 5 °C go 45 °C. Ní dhéanfar na tástálacha más mó ná 5 m/s luas na gaoithe, lena n-áirítear séideáin, ag airde an mhicreafóin, le linn an eatraimh chun torann a thomhas.

Déanfar luach atá ionadaíoch do theocht, luas agus treo na gaoithe, bogthaise choibhneasta, agus brú baraiméadrach a thaifeadadh le linn an eatraimh chun torann a thomhas.

1.2.3. Torann cúlrach

Aon bhuaic fuaime ar léir nach mbaineann sí le saintréithe leibhéal ginearálta torainn na feithicle, tabharfar neamhaird uirthi agus na léamha á nglacadh.

Déanfar an torann cúlrach a thomhas ar feadh 10 s go díreach roimh shraith tástálacha ar fheithiclí agus díreach ina ndiaidh. Déanfar na tomhais leis na micreafóin chéanna agus leis na suíomhanna micreafóin céanna agus a bhí in úsáid le linn na tástála. Déanfar an t-uasleibhéal fuaimbhrú A-ualaithe a thuairisciú.

Beidh an torann cúlrach (lena n-áirítear aon torann ón ngaoth) 10 dB(A) ar a laghad faoin leibhéal fuaimbhrú A-ualaithe atá ag an bhfeithicil atá á tástáil. Más idir 10 dB(A) agus 15 dB(A) atá an difríocht idir an leibhéal fuaimbhrú cúlrach agus an leibhéal fuaimbhrú tomhaiste, déanfar an ceartú iomchuí a dhealú ó na léamha ar an méadar fuaimleibhéil, mar a thugtar i dTábla 1, chun toradh na tástála a ríomh.

Tábla 1

Ceartú curtha i bhfeidhm maidir le luach tástála tomhaiste aonair

Difríocht idir an leibhéal fuaimbhrú cúlrach agus an leibhéal fuaimbhrú tomhaiste, in dB	10	11	12	13	14	≥ 15
Ceartú, in dB(A)	0.5	0.4	0.3	0.2	0.1	0.0

1.3. Nósanna imeachta tástála

1.3.1. Suíomhanna an mhicreafóin

Is é 7,5 ±0,05 m an t-achar idir suíomhanna an mhicreafóin ó líne CC', ar líne mhicreafóin PP', é ingearach le líne thagartha CC' ar an rian tástála (féach Iarscríbhinn 4 – Fíor 1).

Beidh na micreafóin suite 1,2 ±0,02 m os cionn leibhéal na talún. Beidh an treo tagartha le haghaidh dálaí saor-réimse (féach IEC 61672-1:2002) cothrománach agus díreofar é go hingearach i dtreo chosán líne feithicle CC'.

1.3.2. Dálaí na feithicle

1.3.2.1. Dálaí Ginearálta

Beidh an fheithicil nó na feithiclí a tástáladh ionadaíoch ar fheithiclí atá le cur ar an margadh faoin gcineál feithicle atá le ceadú agus le roghnú ag an monaróir i gcomhaontú leis an Údarás Cineálcheadaithe, chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

Sula dtosaítear ag déanamh na dtomhas, cuirfear an fheithicil ag obair faoina gnáthdhálaí oibrithe.

Má tá gaothráin ina bhfuil sásra uathoibríoch gníomhrúcháin feistithe ar ghluaisrothar, ní chuirfear isteach ar an gcóras sin le linn thomhais na fuaime. Maidir le gluaisrothair a bhfuil níos mó ná roth tiomáinte amháin orthu, ní fhéadfar ach an tiomáint a sholáthraítear le haghaidh gnáthoibríocht bhóthair a úsáid.

1.3.2.2. Mais tástála na feithicle

Déanfar tomhais ar fheithiclí ag an mais tástála seo a leanas m_t, in kg, a shonraítear mar a leanas:

$$m_t = m_{kerb} + 75 \pm 5 \text{ kg}$$

(Tá 75 ±5 kg comhionann le mais an tiománaí agus na hionstraimíochta)

1.3.2.3. Roghnú agus riocht na mbonn

Beidh na boinn oiriúnach don fheithicil agus beidh siad teannta go dtí an brú atá molta ag monaróir na feithicle do mhais tástála na feithicle.

Is é monaróir na feithicle a roghnóidh na boinn, agus comhfhreagróidh siad do cheann de mhéideanna agus de chineálacha na mbonn a bheidh ainmnithe don fheithicil ag monaróir na feithicle. Beidh an íosdoimhneacht snáithe 80 faoin gcéad ar a laghad den doimhneacht iomlán snáithe.

1.3.3. Dálaí oibriúcháin

1.3.3.1. Dálaí ginearálta oibriúcháin

Leanfaidh cosán lárlíne na feithicle an líne CC' a ghaire is féidir le linn na tástála iomláine, ón ascnamh le líne AA' go dtí go rachaidh cúl na feithicle thar líne BB' +20m (féach Iarscríbhinn 4 – Fíor 1).

1.3.3.1.1. I gcás tástálacha luasghéaraithe ar lánscóig druidfidh an fheithicil leis an líne AA' ag luas seasmhach. Nuair a rachaidh tosach na feithicle thar an líne AA' aistreofar an rialú scóige go dtí an suíomh scóige uasta chomh tapa agus is féidir agus coimeádfar sa suíomh sin é go dtí go rachaidh cúl na feithicle thar an líne BB'. Ag an bpointe sin aistreofar an rialú scóige go dtí an suíomh réchasta chomh tapa agus is féidir.

Mura sonraítear a mhalairt féadfaidh an monaróir réamh-luasghéarú a úsáid i dtástáil luasghéaraithe ar lánscóig chun luasghéarú cobhsaí a bhaint amach idir na línte AA' agus BB'. Téitear ar aghaidh le tástáil le réamh-luasghéarú mar a thuairiscítear thuas ach amháin go n-aistrítear an rialú scóige go dtí an suíomh scóige uasta a bhí ann cheana féin sula dtéann an fheithicil thar an líne AA', is é sin nuair a bheidh tosach na feithicle fós ag achar I_{PA}, an fad réamh-luasghéaraithe, ón líne AA'.

Roghnófar an luas ascnaimh sa chaoi go sroichfidh an fheithicil luas tástála forordaithe v_{test} nuair a rachaidh a tosach thar an líne PP'.

1.3.3.1.2. Le linn tástálacha ar luas seasmhach, beidh an t-aonad rialaithe luasghéaraithe suite chun luas seasmhach feithicle a choinneáil ar bun idir na línte AA' agus BB'.

1.3.3.1.3. Má tá ríomhchláir bogearraí nó móid atá inroghnaithe ag an úsáideoir ag an bhfeithicil, déanfar an tástáil i mód nach gcuireann srian ar fheidhmíocht chumhachta na feithicle agus a tháirgeann an $L_{wot(i)}$ is airde. Soláthraítear doiciméadacht an mhonaróra don tseirbhís theicniúil atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh. Ar bhonn na doiciméadachta sin, roghnaíonn an tseirbhís theicniúil an ríomhchlár bogearraí nó an mód atá le tástáil

1.3.3.2. Dálaí oibriúcháin le haghaidh feithiclí ag a bhfuil *PMR* ≤ 25

Déantar tástáil ar an bhfeithicil i dtástáil luasghéaraithe ar lánscóig agus na sonraíochtaí seo a leanas i gceist:

(a) Is é v_{test} = 40 ±1 km/u an luas tástála a bheidh ann.

(b) Nuair a rachaidh cúl na feithicle thar an líne BB', ní rachaidh an luas feithicle thar 75 faoin gcéad den uasluas feithicle mar a shainítear i mír 2.10. den Rialachán seo, ná ní rachaidh an luas innill thar an t-uasluas innill rátaithe.

Roghnófar an giar le haghaidh na tástála ar an mbealach atriallach seo a leanas:

Beidh an luas tástála tosaigh mar a shonraítear thuas. Laghdófar an luas tástála faoi incrimintí 10 faoin gcéad den v_{test} (i.e. 4 km/u) i gcás inar mó an luas ag an bpointe fágála $v_{BB'}$ ná 75 faoin gcéad den v_{max} nó i gcás inar mó an luas innill ná an luas innill rátaitheS ag BB'. Is é an giar roghnaithe an giar is ísle gan dul thar an luas innill rátaithe *S* le linn na tástála. Déantar na dálaí tástála deiridh a chinneadh leis an ngiar is ísle is féidir ag an luas tástála is airde is féidir gan dul thar 75 faoin gcéad den v_{max} nó an luas innill rátaithe *S* ag BB'.

Chun am tástála a shábháil, féadfaidh an monaróir faisnéis a sholáthar faoin nós imeachta atriallach maidir le roghnú na ngiaranna mar a shonraítear thuas.

Tugtar sreabhchairt den nós imeachta tástála in Aguisín 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

1.3.3.3. Dálaí oibriúcháin le haghaidh feithiclí ag a bhfuil *PMR* > 25

Déantar an fheithicil a thástáil i dtástáil luasghéaraithe ar lánscóig agus i dtástáil ar luas seasmhach.

1.3.3.3.1. Tástáil luasghéaraithe ar lánscóig

I gcás na dtástálacha luasghéaraithe ar lánscóig sonraítear an luas tástála agus meán-luasghéarú na feithicle sa rian tástála.

Ní thomhaistear na luasanna go díreach ach ríomhtar iad ó thomhais an luais feithicle mar a thuairiscítear i mír 1.4. thíos.

1.3.3.3.1.1. An luas tástála

Is mar a leanas a bheidh an luas tástála v_{test}:

40 ±1 km/u i gcás feithiclí ag a bhfuil *PMR* ≤ 50; agus

50 ±1 km/u i gcás feithiclí ag a bhfuil *PMR*> 50.

Más rud é, i ngiar ar leith, gur mó an luas ag an bpointe fágála $v_{BB'}$ ná 75 faoin gcéad de v_{max} uasluas na feithicle, déanfar an luas tástála le haghaidh na tástála sa ghiar sin a laghdú de réir a chéile faoi incrimintí 10 faoin gcéad den v_{test} (i.e. 4 km/u nó 5 km/u) go dtí go dtitfidh an luas ag an bpointe fágála $v_{BB'}$ faoi 75 faoin gcéad den v_{max}.

1.3.3.3.1.2. Luasghéarú tagartha agus sprioc-luasghéarú

Le linn na dtástálacha luasghéaraithe ar lánscóig sroichfidh an fheithicil an luasghéarú tagartha $a_{wot\ ref}$ a shainítear mar a leanas:

$$a_{wot\ ref} = 2{,}47 * \log(PMR) - 2{,}52$$ i gcás feithiclí ag a bhfuil *PMR* ≤ 50; agus

$$a_{wot\ ref} = 3{,}33 * \log(PMR) - 4{,}16$$ i gcás feithiclí ag a bhfuil *PMR* > 50

Baintear úsáid as torthaí na dtástálacha luasghéaraithe sin ar lánscóig mar aon le torthaí na dtástálacha ar luas seasmhach chun comhfhogasú a dhéanamh ar luasghéarú faoi ualach páirteach is gnách don tiomáint uirbeach. Sainítear an sprioc-luasghéarú comhfhreagrach i dtimpeallacht a_{urban} mar a leanas:

$$a_{urban} = 1{,}37 * \log(PMR) - 1{,}08$$ i gcás feithiclí ag a bhfuil *PMR* ≤ 50; agus

$$a_{urban} = 1{,}28 * \log(PMR) - 1{,}19$$ i gcás feithiclí ag a bhfuil *PMR*> 50.

1.3.3.3.1.3. Roghnú na ngiaranna

Tá sé de fhreagracht ar an monaróir an modh ceart tástála a chinneadh chun an luas tástála agus an luasghéarú is gá a bhaint amach.

1.3.3.3.1.3.1. Feithiclí ina bhfuil tras-seoladh láimhe, tras-seoladh uathoibríoch nó tras-seoladh ag a bhfuil cóimheasa de thras-seoladh athraitheach leanúnach (CVTanna) a thástáiltear le giaranna glasáilte

Braitheann roghnú na ngiaranna le haghaidh na tástála ar an luasghéarú sonrach ar lánscóig sna giaranna éagsúla i ndáil leis an luasghéarú tagartha $a_{wot,ref}$ a theastaíonn le haghaidh na dtástálacha luasghéaraithe ar lánscóig de réir mhír 1.3.3.3.1.2. thuas.

Ní mór roghnú na ngiaranna a dhéanamh de réir na gcritéar seo a leanas:

(a) Má tá dhá ghiar ann lena ndéantar luasghéarú i mbanda lamháltais ±10 faoin gcéad den luasghéarú tagartha $a_{wot,ref}$, úsáidfear an giar is gaire don luasghéarú tagartha le haghaidh na tástála agus luafar sin sa tuarascáil tástála;

(b) Más rud é nach dtugann ach giar sonrach amháin luasghéarú sa bhanda lamháltais ±10 faoin gcéad den luasghéarú $a_{wot\ ref}$, déanfar an tástáil leis an ngiar sin;

(c) Mura dtugann aon cheann de na giaranna an luasghéarú is gá go dtí laistigh de ±10 faoin gcéad den luasghéarú tagartha $a_{wot,ref}$, déanfar na tástálacha ansin in dhá ghiar chóngaracha (i) agus (i+1) a roghnófar ionas go dtabharfaidh an giar (i) luasghéarú is airde agus go dtabharfaidh an giar (i+1) luasghéarú is ísle ná an luasghéarú tagartha $a_{wot,ref}$.

Má sháraítear an luas innill rátaithe i ngiar sula dtéann an fheithicil thar líne BB' úsáidfear an chéad ghiar eile is airde ná sin.

Má tá níos mó ná giar amháin ag an bhfeithicil, ní úsáidfear an chéad ghiar. Más rud é nach féidir $a_{wot,ref}$ a bhaint amach ach sa chéad ghiar, úsáidfear an dara giar.

1.3.3.3.1.3.2. Feithiclí ina bhfuil tras-seoladh uathoibríoch, tras-seoladh oiriúnaitheach nó tras-seoladh ag a bhfuil cóimheasa de thras-seoladh athraitheach a thástáiltear le giaranna neamhghlasáilte

Úsáidfear an suíomh roghnaithe giair le haghaidh lánoibríocht uathoibríoch.

D'fhéadfadh sé go dtiocfadh sé i gceist sa tástáil gur gá an giar a athrú go giar is ísle a bhfuil luasghéarú is airde ag baint leis. Ní ceadmhach athrú go giar is airde agus go luasghéarú is ísle. In aon chás, seachnófar nach n-athrófar giar go giar nach n-úsáidtear de ghnáth ag an dáil shonraithe i dtrácht uirbeach.

Dá bhrí sin, ceadaítear feistí leictreonacha nó meicniúla a bhunú agus a úsáid, lena n-áirítear suíomhanna malartacha roghnaithe giair chun cosc a chur ar ísliú go giar nach gnách a úsáid faoin dáil tástála sonraithe i dtrácht uirbeach. Má úsáidtear feistí den sórt sin, ní fhéadfar aon réamh-luasghéarú a chur i bhfeidhm. Tabharfar tuairisc san fhoirm chumarsáide ar fheidhmiúlacht na bhfeistí.

1.3.3.3.2. Tástáil ar luas seasmhach

I gcás na dtástálacha ar luas seasmhach, beidh na giaranna nó na suíomhanna roghnaithe giair agus na luasanna tástála comhionann leis na cinn a úsáideadh sna tástálacha luasghéaraithe ar lánscóig a rinneadh roimhe sin.

1.4. Próiseáil agus tuairisciú sonraí

1.4.1. Ginearálta

Déanfar trí thomhas ar a laghad le haghaidh gach dála tástála ar gach taobh den fheithicil agus le haghaidh gach giair.

Déanfar laghdú 1 dB(A) ar uasleibhéal fuaimbhrú A-ualaithe 'L' a léirítear gach uair a théann an fheithicil idir AA' agus nuair a théann cúl na feithicle thar BB' + 20 m (féach Iarscríbhinn 4 – Fíor 1) chun míchruinneas an tomhais a chur san áireamh agus déanfar é a shlánú go matamaiticiúil go dtí an chéad ionad deachúlach is gaire (e.g. XX,X) i gcás an dá shuíomh micreafóin. Más léir nach bhfuil buaic fuaime ag teacht le leibhéal ginearálta an fhuaimbhrú, gheofar réidh leis an tomhas sin.

Úsáidfear na chéad trí thoradh bhailí tomhais as a chéile le haghaidh gach dála tástála, laistigh de 2,0 dB(A), rud a fhágfaidh go mbeifear in ann torthaí neamhbhailí a scriosadh, chun an toradh idirmheánach nó deiridh iomchuí a ríomh.

Déanfar na tomhais luais ag AA' ($v_{AA'}$), BB' ($v_{BB'}$) agus PP' ($v_{PP'}$) a shlánú go matamaiticiúil go dtí an chéad ionad deachúlach is gaire (e.g. XX,X) agus déanfar nóta díobh le haghaidh ríomhanna eile.

1.4.2. An luasghéarú a ríomh

Déantar na luasghéaruithe uile a ríomh agus an fheithicil ar luasanna éagsúla ar an raon tástála. Ar bhonn an chineáil tras-seolta ríomhtar an luasghéarú idir na línte AA' agus BB', sin nó ríomhtar é idir na línte PP' agus BB' mar a shonraítear thíos. Sonrófar sa tuarascáil tástála an modh a úsáideadh chun an luasghéarú a ríomh.

I ngach ceann de na cásanna seo a leanas, ríomhtar an luasghéarú idir na línte AA' agus BB' mar a shonraítear i mír 1.4.2.1. thíos:

(a) Tá tras-seoladh láimhe feistithe ar an bhfeithicil.

(b) Tá tras-seoladh uathoibríoch nó tras-seoladh ag a bhfuil cóimheasa de ghiaranna athraitheacha leanúnacha (CVTanna), ach a tástáladh le cóimheasa de ghiaranna glasáilte.

(c) Feistithe ar an bhfeithicil tá tras-seoladh uathoibríoch, tras-seoladh oiriúnaitheach nó tras-seoladh ag a bhfuil cóimheasa de ghiaranna athraitheacha agus a thástáiltear le cóimheasa de ghiaranna neamhghlasáilte, agus úsáidtear feistí leictreonacha nó meicniúla, lena n-áirítear suíomhanna malartacha roghnaithe giair, chun cosc a chur ar ísliú go giar nach n-úsáidtear de ghnáth faoin dáil tástála sonraithe i dtrácht uirbeach.

I ngach cás eile, ríomhtar an luasghéarú idir na línte PP' agus BB' mar a shonraítear i mír 1.4.2.2. thíos.

1.4.2.1. Ríomh an luasghéaraithe idir na línte AA' agus BB'

Ríomhtar an luasghéarú ó na tomhais ar luas na feithicle ag na línte AA' agus BB':

$$a_{wot,(i),j} = ((v_{BB',j} / 3,6)^2 - (v_{AA',j} / 3,6)^2) / (2 * (20 + l_{ref}))$$

Sna cásanna seo a leanas:

Tagraíonn an t-innéacs '(i)' don ghiar a úsáidtear agus tagraíonn an t-innéacs 'j' d'uimhir an tomhais aonair. Sloinntear na luasanna in aonaid km/u agus is in aonaid m/s² a shloinntear na luasanna a thagann astu sin;

Is éard atá in l_{ref} fad na feithicle nó 2 m, faoi rogha mhonaróir na feithicle, an Údaráis Cineálcheadaithe agus na Seirbhíse Teicniúla.

1.4.2.2. Ríomh an luasghéaraithe idir na línte PP' agus BB'

Ríomhtar an luasghéarú ó na tomhais ar luas na feithicle ag na línte PP' agus BB':

$$a_{wot,(i),j} = ((v_{BB',j} / 3,6)^2 - (v_{PP',j} / 3,6)^2) / (2 * (10 + l_{ref}))$$

Sna cásanna seo a leanas:

Tagraíonn an t-innéacs '(i)' don ghiar a úsáidtear agus tagraíonn an t-innéacs 'j' d'uimhir an tomhais aonair. Sloinntear na luasanna in aonaid km/u agus is in aonaid m/s² a shloinntear na luasanna a thagann astu sin;

Is éard atá in l_{ref} fad na feithicle nó 2 m, faoi rogha mhonaróir na feithicle, an Údaráis Cineálcheadaithe agus na Seirbhíse Teicniúla.

Ní úsáidfear réamh-luasghéarú.

1.4.2.3. Meán na dtomhas aonair a ríomh

Na luasghéaruithe a ríomhtar ó thrí rith bhailí, ríomhtar meán uimhríochtúil na luasghéaruithe sin chun an meán-luasghéarú a thabhairt maidir leis an dáil tástála:

$$a_{wot,(i)} = (1 / 3) * (a_{wot,(i),1} + a_{wot,(i),2} + a_{wot,(i),3})$$

Déanfar meán-luasghéarú $a_{wot,(i)}$ a shlánú go matamaiticiúil go dtí an dara hionad deachúlach is gaire (e.g. XX,XX) agus déanfar nóta díobh le haghaidh ríomhanna eile.

1.4.3. An fachtóir ualúcháin giair a ríomh

Ní úsáidtear an fachtóir ualúcháin giair *k* ach amháin i gcás tástáil dhá ghiar chun na torthaí ón dá ghiar a chur isteach in aon toradh amháin.

Is uimhir gan toisí é an fachtóir ualúcháin giair a shainítear mar a leanas:

$$k = (a_{wot,ref} - a_{wot,(i+1)}) / (a_{wot(i)} - a_{wot,(i+1)})$$

1.4.4. Ríomh an fhachtóra cumhachta páirtí

Is éard atá san fhachtóir cumhachta páirtí k_p uimhir gan toisí a úsáidtear chun torthaí tástála luasghéaraithe ar lánscóig a chur le torthaí tástála ar luas seasmhach.

1.4.4.1. I gcás feithiclí a tástáladh in dhá ghiar, sainítear an fachtóir cumhachta páirtí mar a leanas:

$$k_p = 1 - (a_{urban} / a_{wot,ref}).$$

1.4.4.2. I gcás feithiclí a tástáladh i ngiar amháin nó le roghnóir na ngiaranna i suíomh amháin, sainítear an fachtóir cumhachta páirtí mar a leanas:

$$k_p = 1 - (a_{urban} / a_{wot,(i)})$$

Má tá $a_{wot,(i)}$ cothrom le a_{urban} nó níos lú ná sin, socraítear k_p ar nialas.

1.4.5. Próiseáil na dtomhas fuaimbhrú

Maidir le dáil tástála ar leith, ríomhfar ar leithligh meán na dtrí thoradh aonair i gcás gach taoibh den fheithicil:

$$L_{mode,(i),side} = (1 / 3) * (L_{mode,(i),side,1} + L_{mode,(i),side,2} + L_{mode,(i),side,3})$$

I gcás ina dtagraíonn an t-innéacs 'mód' don mhód tástála (luasghéarú ar lánscóig nó luas seasmhach), i gcás ina dtagraíonn '(i)' don ghiar agus 'taobh' do shuíomh an mhicreafóin (ar chlé nó ar dheis).

Déanfar luach is airde an dá mheán a shlánú go matamaiticiúil go dtí an chéad ionad deachúlach is gaire (e.g. XX,X) agus déanfar nóta den mhéid seo a leanas le haghaidh tuilleadh eile:

$$L_{mode,(i)} = MAX (L_{mode,(i),left} ; L_{mode,(i),right})$$

1.4.6. Torthaí deiridh na tástála a ríomh

1.4.6.1. Feithiclí ag a bhfuil *PMR* ≤ 25

Feithiclí a bhfuil *PMR* nach mó ná 25 acu, ní dhéantar iad a thástáil ach amháin ar lánscóig i ngiar aonair nó sa suíomh roghnaithe giair. Is é toradh na tástála deiridh leibhéal fuaimbhrú $L_{wot,(i)}$ arna shlánú go matamaiticiúil go dtí an chéad ionad deachúlach is gaire (e.g. XX,X).

1.4.6.2. Feithiclí ag a bhfuil *PMR* > 25

Má tástáladh an fheithicil in dhá ghiar, úsáidtear an fachtóir ualúcháin giair chun torthaí tástála na dtástálacha luasghéaraithe ar lánscóig agus na dtástálacha ar luas seasmhach a ríomh:

$$L_{wot} = L_{wot\ (i+1)} + k * (L_{wot,(i)} - L_{wot,(i+1)})$$

$$L_{crs} = L_{crs\ (i+1)} + k * (L_{crs,(i)} - L_{crs,(i+1)})$$

Má tástáladh an fheithicil i ngiar amháin nó sa suíomh roghnaithe giair, ní gá aon ualú breise a dhéanamh:

$$L_{wot} = L_{wot,(i)}$$

$$L_{crs} = L_{crs,(i)}$$

Déantar an leibhéal fuaimbhrú L_{urban}, a léiríonn an tiomáint uirbeach, a ríomh ar deireadh agus úsáid á baint as an bhfachtóir cumhachta páirtí k_p:

$$L_{urban} = L_{wot} - k_p * (L_{wot} - L_{crs})$$

Déantar na leibhéil fuaimbhrú uile a shlánú go matamaiticiúil go dtí an chéad ionad deachúlach is gaire (e.g. XX,X).

2. Torann ó ghluaisrothar atá ina stad (dálaí tomhais agus modh tástála na feithicle atá in úsáid).

2.1. Leibhéal fuaimbhrú i ngarchomharsanacht an ghluaisrothair

Chun éascaíocht a dhéanamh do thástálacha torainn a dhéanfar ina dhiaidh sin ar ghluaisrothair atá in úsáid, déanfar an leibhéal fuaimbhrú a thomhas freisin i ngarchomharsanacht an sceithchórais i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas, agus cuirfear toradh an tomhais isteach san fhoirm chumarsáide dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1.

2.2. Uirlisí tomhais

Úsáidfear beachtmhéadar leibhéil fuaime faoi mar a shainítear i mír 1.1.1. den Iarscríbhinn seo.

2.3. Dálaí tomhais

2.3.1. Riocht an ghluaisrothair

Beidh tras-seoladh na feithicle sa ghiar neodrach agus beidh an chrág ar obair, sin nó beidh sé sa ghiar páirceála le haghaidh tras-seoladh uathoibríoch, agus beidh an coscán láimhe i bhfeidhm chun críoch sábháilteachta, má tá sé feistithe.

Casfar as aerchóiritheoir na feithicle, má tá sé feistithe uirthi.

Má tá gaothrán nó gaothráin ina bhfuil sásra uathoibríoch gníomhrúcháin feistithe ar an bhfeithicil, ní chuirfear isteach ar an gcóras sin agus an leibhéal fuaimbhrú á thomhas.

Beidh an cochall innill nó an cumhdach urrainne dúnta.

Sula ndéantar gach sraith tomhas, cuirfear an t-inneall ag obair faoina ghnáth-theocht oibrithe, mar atá sainithe ag an monaróir.

I gcás feithicil mhótarthiomáinte dhá roth nach bhfuil aon ghiar neodrach inti, déanfar tomhais agus an roth cúil ardaithe ón talamh ionas gur féidir leis an roth rothlú go héasca.

Más gá feithicil dhá roth a ardú ón talamh chun an tástáil a dhéanamh, déanfar suíomh tomhais an mhicreafóin a choigeartú chun an t-achar sonraithe a bhaint amach ó phointe tagartha an sceithphíopa; féach Fíor 1 chun suíomh na bpointí tagartha a fháil.

2.3.2. Láithreán tástála

Ní mór an láithreán tástála a bheith amuigh faoin aer agus is é a bheidh ann dromchla coincréite comhréidh d'asfalt dlúth nach mbeidh aon leibhéal suntasach póiriúlachta ná aon dromchla réidh d'ábhar crua comhchosúil ag baint leis, agus é saor ó shneachta, ó fhéar, ó ithir scaoilte, ó luaithreach nó ó ábhar ionsúite fuaime eile. Beidh sé i spás oscailte saor ó dhromchlaí móra frithchaiteacha, amhail feithiclí páirceáilte, foirgnimh, cláir fógraí, crainn, rosán, ballaí comhthreomhara, daoine, etc., laistigh de gha 3 m ó shuíomh an mhicreafóin agus ó aon phointe den fheithicil.

Mar mhalairt ar thástáil taobh amuigh, is féidir seomra leath-neamh-mhacallach a úsáid. Comhlíonfaidh an seomra leath-neamh-mhacallach na ceanglais fuaime a thugtar thuas. Comhlíonfar na ceanglais sin má chomhlíonann an tsaoráid tástála na critéir maidir le hachar 3 m thuas agus má tá minicíocht scoite léi atá faoi bhun an leibhéil is ísle den mhéid seo a leanas:

(a) Banda aon triain ochtagánach faoi bhun na minicíochta bunúsaí is ísle atá ag an inneall le linn na ndálaí tástála; agus

(b) 100 Hz. ([2])

2.3.3. Nithe ilghnéitheacha

Maidir le léamha na huirlise tomhais ó thorann comhthimpeallach agus éifeachtaí na gaoithe, beidh siad 10 dB(A) ar a laghad níos ísle ná na leibhéil fuaime atá le tomhas. Féadfar gaothscáth oiriúnach a fheistiú ar an micreafón ar choinníoll go gcuirfear san áireamh an tionchar atá aige ar íogaireacht an mhicreafóin.

Ní dhéanfar na tástálacha más mó ná 5 m/s luas na gaoithe, lena n-áirítear séideáin, le linn an eatraimh chun fuaim a thomhas.

([2]) Sonraítear feidhmíocht torainn na saoráidí tástála faoi dhíon i dtéarmaí na minicíochta scoite (Hz). Is é sin an mhinicíocht arb os a cionn is féidir glacadh leis gur spás leath-neamh-mhacallach é an seomra.

2.4. Modh tomhais

2.4.1. Suíomh an mhicreafóin (féach Aguisín 2)

Beidh an micreafón suite ag achar 0,5 ±0,01 m ó phointe tagartha an sceithphíopa a shainítear i bhFíor 1 agus ag uillinn 45 ± 5° go dtí an plána ingearach ina bhfuil sreabh-ais dheireadh an phíobáin. Beidh an micreafón ag airde an phointe tagartha, ach ní bheidh sé níos lú ná 0,2 m ó dhromchla na talún. Beidh ais tagartha an mhicreafóin suite ar phlána comhthreomhar le dromchla na talún agus beidh sí dírithe i dtreo an phointe tagartha ar an sceithphíopa.

Is é a bheidh sa phointe tagartha an pointe is airde a chomhlíonfaidh na coinníollacha seo a leanas:

(a) Beidh an pointe tagartha ag deireadh an sceithphíopa,

(b) Beidh an pointe tagartha ar an bplána ingearach ina bhfuil lárionad an sceithphíopa agus sreabh-ais dheireadh an sceithphíopa.

Má tá dhá shuíomh fhéideartha ann don mhicreafón, úsáidfear an suíomh is faide go taobhach ó fhad-lárlíne na feithicle.


Má tá sreabh-ais an sceithphíopa ar uillinn 90° ±5° le fad-lárlíne na feithicle, beidh na micreafón suite ag an bpointe is faide ón inneall.

Má tá spás níos lú ná 0,3 m, nó cothrom leis sin, idir dhá sceithphíopa i bhfeithicil agus iad ceangailte le ciúnadóir amháin, ní dhéanfar ach aon tomhas amháin. Beidh an micreafón suite i gcoibhneas leis an sceithphíopa is faide ó fhad-lárlíne na feithicle, nó, nuair nach ann don sceithphíopa sin, i gcoibhneas leis an sceithphíopa is airde os cionn na talún. Tá an tomhas 0,3 m le déanamh feadh plána amháin atá ingearach le sreabh-ais na ngás sceite.

Maidir le feithiclí ina bhfuil sceithphíopa agus a bhfuil asraonta iontu atá níos mó ná 0,3 m ó chéile, déantar tomhas amháin in aghaidh gach sceithphíopa amhail is dá mba é an t-aon cheann amháin é, agus déanfar nóta den leibhéal fuaimbhrú is airde. Chun seiceáil cois bóthair a dhéanamh, féadfar an pointe tagartha a aistriú go dtí an taobh amuigh den chabhlach.

Fíor 1

Pointe tagartha



2.4.2. Dálaí oibriúcháin

2.4.2.1. Sprioclas an innill

Sainítear sprioclas an innill mar a leanas:

75 faoin gcéad de *S* i gcás feithiclí lena bhfuil $S \leq 5{,}000$ nóim^{-1}, agus

50 faoin gcéad de *S* i gcás feithiclí lena bhfuil $S > 5{,}000$ nóim^{-1}.

I gcás feithicil nach féidir léi, i dtástáil agus í ina stad, an sprioclas innill a shainítear thuas a bhaint amach, is é a úsáidfear ina ionad sin mar sprioclas innill 95 faoin gcéad den uasluas innill is féidir a shroicheadh i dtástáil agus an fheithicil ina stad.

2.4.2.2. Nós imeachta tástála

Déanfar an luas innill a mhéadú de réir a chéile ó bheith ar réchasadh go dtí an sprioclas innill agus coimeádfar seasmhach é laistigh de bhanda lamháltais ±5 faoin gcéad. Ansin scaoilfear rialú na scóige go sciobtha agus rachaidh luas an innill ar ais ar bheith ar réchasadh. Déanfar an leibhéal fuaimbhrú a thomhas le linn tréimhse ina mbeidh an luas innill seasmhach ar feadh 1 s agus ar feadh na tréimhse luasmhoillithe ar fad. Glacfar leis gurb é léamh an mhéadair uasleibhéil fuaime luach na tástála.

Ní mheasfar tomhas a bheith bailí ach amháin murar imigh luas innill na tástála ón sprioclas innill faoi níos mó ná an lamháltas sonraithe ±5 faoin gcéad ar feadh 1 s ar a laghad.

2.4.3. Sceithchórais ilmhodha

Feithiclí ar a bhfuil feistithe sceithchóras ilmhodha inchoigeartaithe de láimh, déanfar iad a thástáil ar gach modh.

2.5. Torthaí

2.5.1. Léireofar san Fhoirm Chumarsáide dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 na sonraí ábhartha uile agus go háirithe na sonraí sin a úsáidtear chun torann an ghluaisrothair agus é ina stad a thomhas.

2.5.2. Déanfar tomhais ag suíomh (suíomhanna) an mhicreafóin a fhorordaítear thuas. Déanfar nóta den uasleibhéal fuaimbhrú A-ualaithe a léireofar le linn na tástála, agus figiúr suntasach amháin á choinneáil taobh thiar den ionad deachúlach (e.g. déanfar nóta de 92,45 mar 92,5 agus déanfar nóta 92,44 mar 92,4).

Déanfar an tástáil arís go dtí go bhfaighfear trí thomhas i ndiaidh a chéile a bheidh laistigh de 2,0 dB(A) ó chéile ag gach sceithphíopa.

2.5.3. Is é an toradh le haghaidh sceithphíopa ar leith meán uimhríochtúil na dtrí thomhas bhailí, arna slánú go matamaiticiúil go dtí an luach slánuimhreach is gaire (e.g. déanfar nóta de 92,5 mar 93 agus déanfar nóta de 92,4 mar 92).

2.5.4. I gcás feithiclí ina bhfuil roinnt sceithphíopaí, is éard a bheidh sa leibhéal fuaimbhrú tuairiscithe an sceithphíopa ag a bhfuil an meánleibhéal fuaimbhrú is airde.

2.5.5. I gcás feithiclí ina bhfuil sceithchóras ilmhodha agus rialú láimhe modha sceite, is éard a bheidh sa leibhéal fuaimbhrú tuairiscithe an mód ag a bhfuil an meánleibhéal fuaimbhrú is airde.

3. Torann ón ngluaisrothar atá ag gluaiseacht (sonraí a tuairiscíodh chun tástáil na feithicle in úsáid a éascú).

3.1. Féadfaidh Páirtí Conarthach nós imeachta tástála le haghaidh tástálacha ar chomhlíonadh le linn úsáide a shainiú, agus aird chuí á tabhairt ar aon difríocht idir na dálaí tástála a úsáidtear le linn an cineálcheadaithe.

3.2. Chun éascaíocht a dhéanamh do thástálacha ar chomhlíonadh ghluaisrothar le linn úsáide, gairtear sonraí tagartha um chomhlíonadh le linn úsáide den fhaisnéis seo a leanas maidir le tomhais na leibhéal fuaimbhrú a dhéantar i gcomhréir le mír 1. d'Iarscríbhinn 3 don ghluaisrothar atá ag gluaiseacht:

(a) Giar (i) nó, i gcás feithiclí a thástáiltear le cóimheasa giair nach bhfuil glasáilte, an suíomh roghnaithe giair a roghnaítear le haghaidh na tástála;

(b) An fad réamh-luasghéaraithe l_{PA} in m;


(c) Meánluas na feithicle in km/u ag tús an luasghéaraithe ar lánscóig le haghaidh tástálacha i ngiar (i); agus

(d) Leibhéal fuaimbhrú $L_{wot,(i)}$ in dB(A) de na tástálacha ar scóig lánoscailte i ngiar (i), arna shainiú mar uasmhéid an dá luach is toradh ar mheán na dtorthaí tomhais aonair a fháil ag gach suíomh micreafóin ar leithligh.

3.3. Déanfar na sonraí tagartha maidir le comhlíonadh le linn úsáide a iontráil san fhoirm chumarsáide atá i gcomhréir le hIarscríbhinn 1.


Iarscríbhinn 3 Aguisín 1

Sreabhchairt den nós imeachta tástála maidir le tástáil na feithicle atá ag gluaiseacht i gcás feithiclí de chatagóir L_3 lena bhfuil PMR ≤ 25



Iarscríbhinn 3 Aguisín 2

Suíomh na micreafón le haghaidh na tástála torainn agus an fheithicil ina stad




Toisí i méadair, mura léirítear a mhalairt

IARSCRÍBHINN 4

Leagan amach an raoin tástála

Fíor 1

Leagan amach an riain tástála agus na toisí i méadair



Eochair

	An t-achar íosta atá cumhdaithe le dromchla an bhóthair tástála, i.e. an limistéar tástála
	Suíomhanna an mhicreafóin (airde 1,2 m)

IARSCRÍBHINN 5

Sceithchórais nó córais chiúnúcháin ina bhfuil ábhar snáithíneach

1. Beidh ábhar ionsúite snáithíneach saor ó aispeist agus ní fhéadfar é a úsáid i dtógáil an sceithchórais nó an chórais ciúnúcháin ach amháin má áirithítear le feistí oiriúnacha go gcoimeádfar an t-ábhar snáithíneach ina áit ar feadh na tréimhse uile a bheidh an sceithchóras nó an córas ciúnúcháin á úsáid agus má chomhlíonann an sceithchóras nó an córas ciúnúcháin ceanglais aon cheann de mhíreanna 1.1., 1.2.,1.3. nó 1.4.:

1.1. Nuair a bhainfear an t-ábhar snáithíneach, comhlíonfaidh an leibhéal fuaime ceanglais mhír 6 den Rialachán seo.

1.2. Ní fhéadfar an t-ábhar ionsúiteach snáithíneach a chur sna codanna sin den chiúnadóir trína dtéann na gáis sceite agus comhlíonfaidh sé na ceanglais seo a leanas:

1.2.1. Déanfar an t-ábhar a théamh ag teocht 650 ±5 °C ar feadh 4 uair an chloig i bhfoirnéis gan laghdú ar fhaid, ar thrastomhais nó ar dhlús toirte uile an tsnáithín.

1.2.2. Tar éis a théamh ag 650 ±5 °C ar feadh 1 uair an chloig i bhfoirnéis, coinneofar 98 faoin gcéad ar a laghad den ábhar i gcriathar de mhéid ainmniúil cró 250 µm a chomhlíonann Caighdeán ISO 3310/1:1990 nuair a thástáiltear é i gcomhréir le Caighdeán ISO 2559:2000.

1.2.3. Ní bheidh caillteanas meáchain an ábhair níos mó ná 10,5° faoin gcéad tar éis é a chur ar maos ar feadh 24 uair an chloig ag 90 ± 5 C i gcomhdhlúthán sintéiseach den chomhdhéanamh seo a leanas: ([1])

1 N aigéad hidreabrómach (HBr): 10 ml

1 N aigéad sulfarach (H_2SO_4): 10 ml

Uisce driogtha chun suas le 1,000 ml a dhéanamh

1.3. Sula ndéanfar an córas a thástáil i gcomhréir le hIarscríbhinn 3, cuirfear i staid normálta é le haghaidh úsáid ar bóthar trí bhíthin ceann amháin de na modhanna dála seo a leanas:

1.3.1. Comhoiriúnú trí oibríocht bhóthair leanúnach

1.3.1.1. De réir aicmí na ngluaisrothar, is iad seo a leanas na hachair íosta a bheidh le baint amach le linn an chomhoiriúnúcháin:

Aicme ghluaisrothair de réir Innéacs an Chóimheasa Cumhachta le Meáchan (PMR)	Fad (km)
Aicme I < 25	4,000
Aicme II > 25 < 50	6,000
Aicme III > 50	8,000

1.3.1.2. Is éard atá in 50 ±10 faoin gcéad den timthriall comhoiriúnúcháin tiomáint i mbaile agus an chuid eile de na cúrsaí fad-achair ar luas ard; is féidir clár comhfhreagrach raoin tástála a chur in ionad an timthrialla leanúnaigh bóthair.

1.3.1.3. Déanfar an dá chóras luais a mhalartú ar a laghad faoi shé.

1.3.1.4. Áireofar 10 sos de 3 uair an chloig ar a laghad sa clár tástála iomlán chun éifeachtaí an fhuaraithe agus an chomhdhlúthaithe a atáirgeadh.

([1]) Déanfar an t-ábhar a ní in uisce driogtha agus a thriomú ar feadh 1 uair a chloig ag 105 °C sula ndéanfar é a mheá.

1.3.2. Comhoiriúnú trí fhrithbhualadh

1.3.2.1. Beidh an sceithchóras, nó comhpháirteanna de, feistithe ar an ngluaisrothar nó ar an inneall. Sa chéad chás, déanfar an gluaisrothar a shuí ar bhinse tástála.

Tá an gaireas tástála, a léirítear léaráid mhionsonraithe de i bhFíor 1, feistithe ar an sceithchóras. Glacfar le haon ghaireas eile a tháirgeann torthaí coibhéiseacha.

1.3.2.2. Déanfar an trealamh tástála a choigeartú ionas go gcuirfear isteach ar an sreabhadh gás sceite agus go n-athbhunófar é 2,500 uair le comhla gníomhaíochta tapa.

1.3.2.3. Osclófar an chomhla nuair a shroichfidh cúlbhrú an gháis sceite, arna thomhas 100 mm ar a laghad le sruth ón bhfeire iontógála, nuair a shroichfidh sé luach idir 35 agus 40 kPa. Mura féidir figiúr den sórt sin a bhaint amach mar gheall ar shaintréithe an innill, osclófar an chomhla nuair a shroichfidh an gás cúlbhrú leibhéal a bheidh coibhéiseach le 90 faoin gcéad den uasmhéid is féidir a thomhas sula stopfaidh an t-inneall. Dúnfaidh sí nuair nach bhfuil níos mó ná 10 faoin gcéad de dhifríocht idir an brú sin agus an luach cobhsaithe nuair atá an chomhla ar oscailt.

1.3.2.4. Socrófar an lasc aga moille ar feadh thréimhse na ngás sceite arna ríomh ar bhonn cheanglais mhír 1.3.2.3.

1.3.2.5. Is éard a bheidh sa luas innill 75 faoin gcéad den luas innill rátaithe (*S*).

1.3.2.6. An chumhacht arna léiriú ag an dinimiméadar, beidh sí cothrom le 50 faoin gcéad den chumhacht ar lánscóig arna tomhas ag 75 faoin gcéad den luas innill rátaithe (*S*).

1.3.2.7. Dúnfar aon pholl draenála le linn na tástála.

1.3.2.8. Tabharfar an tástáil ar fad i gcrích laistigh de 48 uair an chloig. Más gá, ceadófar tréimhse fuaraithe i ndiaidh gach uair an chloig.

1.3.3. Comhoiriúnú ar bhinse tástála

1.3.3.1. Feisteofar an sceithchóras ar inneall atá ionadaíoch don chineál atá feistithe ar an ngluaisrothar ar dearadh an sceithchóras lena aghaidh, agus déanfar é a shuí ar bhinse tástála.

1.3.3.2. Is éard is comhoiriúnú ann an líon sonrach timthriallta binse tástála le haghaidh gach aicme gluaisrothair ar dearadh an sceithchóras lena aghaidh. Is é seo a leanas an líon timthriallta le haghaidh gach aicme gluaisrothair:

Aicme ghluaisrothair de réir Innéacs an Chóimheasa Cumhachta le Meáchan (PMR)	An líon timthriallta
Aicme I < 25	6
Aicme II > 25 < 50	9
Aicme III > 50	12

1.3.3.3. Beidh sos 6 uair an chloig ar a laghad i ndiaidh gach timthrialla binse tástála chun éifeachtaí an fhuaraithe agus an chomhdhlúthaithe a atáirgeadh.

1.3.3.4. Tá sé chéim i ngach timthriall binse tástála. Is iad seo a leanas na dálaí innill maidir le gach céim agus fad gach céime:


Céim	Dálaí	Fad na céime i nóiméid	
		PMR < 50	PMR > 50
1	Réchasadh	6	6
2	Ualach 25 % ag 75 % *S*	40	50
3	Ualach 50 % ag 75 % *S*	40	50
4	Ualach 100 % ag 75 % *S*	30	10
5	Ualach 50 % ag 100 % *S*	12	12
6	Ualach 25 % ag 100 % *S*	22	22
	Am iomlán	2,5 uair an chloig	2,5 uair an chloig

1.3.3.5. Le linn an ghnáthaimh comhoiriúnúcháin sin, arna iarraidh sin don mhonaróir, féadfar an t-inneall agus an ciúnadóir a fhuarú chun nach rachaidh an teocht a thaifeadtar ag pointe nach mó ná 100 mm ón asraon gáis sceite thar an teocht a thomhaistear agus an gluaisrothar ag gluaiseacht ag 110 km/u nó 75 faoin gcéad de *S* sa ghiar is airde. Cinntear go bhfuil an t-inneall agus/nó luasanna an ghluaisrothair laistigh de ±3 faoin gcéad.

1.4. Ní theagmhaíonn gáis sceite le hábhair shnáithíneacha agus níl ábhair shnáithíneacha faoi thionchar éagsúlachtaí brú.

Fíor 1

Gaireas tástála le haghaidh comhoiriúnúchán trí fhrithbhualadh



Nótaí:

1. Feire nó muinchille ionraoin atá le ceangal de chúl an sceithchórais tástála.

2. Comhla rialaithe lámhoibrithe.

3. Taiscumar cúiteach ina bhfuil uastoilleadh 40 lítear agus aga nach lú ná 1 shoicind lena líonadh.

4. Brúlasc ag a bhfuil raon oibriúcháin 5 kPa go 250 kPa.

5. Lasc aga-mhoillithe.

6. Áiritheoir spreagthaí.

7. Comhla mhearfhreagartha, amhail comhla choscáin an sceithchórais atá 60 mm ar trastomhas, arna hoibriú ag sorcóir neomatach a bhfuil aschur 120 N ag 400 kPa aige. Ní sháróidh an t-aga freagartha, maidir le hoscailt agus dúnadh na comhla, 0,5 soicind.

8. Folmhú gáis ón sceithchóras.

9. Píobán solúbtha.

10. Brúthomhsaire.

IARSCRÍBHINN 6

Teorainneacha uasta na leibhéal fuaime

Catagóir	Innéacs an chóimheasa cumhachta le meáchan (PMR)	Teorainnluach le haghaidh L_{urban} in dB(A)
An chéad chatagóir	PMR ≤ 25	73
An dara catagóir	25 < PMR ≤ 50	74
An tríú catagóir	PMR > 50	77

IARSCRÍBHINN 7

Forálacha Breise maidir le hAstaíochtaí Fuaime faoi Fhíordhálaí Tiomána (FBAFFT)

1. Raon Feidhme

1.1. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le feithiclí de chatagóir L_3 lena bhfuil PMR >50.

2. Ceanglais bhreise maidir le hastaíochtaí fuaime

2.1. Uirlisí tomhais

Is ionann na ceanglais maidir leis an trealamh tomhais agus na ceanglais a shainítear i mír 1.1. d'Iarscríbhinn 3 maidir le tástálacha ar an ngluaisrothar agus é ag gluaiseacht.

2.2. Timpeallacht fuaime, dálaí meitéareolaíochta agus torann cúlrach

Na ceanglais maidir leis an timpeallacht fuaime, na dálaí meitéareolaíochta agus an torann cúlrach, is ionann iad agus na ceanglais a shainítear i mír 1.2. d'Iarscríbhinn 3 maidir leis na tástálacha ar an ngluaisrothar agus é ag gluaiseacht.

2.3. Suíomhanna an mhicreafóin agus riocht na feithicle

Na ceanglais a bhaineann le suíomhanna an mhicreafóin agus riocht na feithicle, is ionann iad agus na ceanglais a shainítear i míreanna 1.3.1. agus 1.3.2. d'Iarscríbhinn 3 maidir leis na tástálacha ar an ngluaisrothar agus é ag gluaiseacht.

2.4. Dálaí ginearálta oibriúcháin

Is ionann na dálaí oibriúcháin ginearálta agus na dálaí a shainítear i mír 1.3.3.1. d'Iarscríbhinn 3 maidir leis na tástálacha ar an ngluaisrothar agus é ag gluaiseacht.

2.5. Raon rialaithe FBAFFT

Tá feidhm ag ceanglais na hIarscríbhinne seo maidir le haon oibríocht feithicle lena mbaineann na srianta seo a leanas:

(a) Beidh an $v_{AA'}$ 10 km/u ar a laghad

(b) Ní rachaidh $v_{BB'}$ thar 80 km/u le haghaidh feithiclí lena bhfuil PMR≤150
Ní rachaidh $v_{BB'}$ thar 100 km/u le haghaidh feithiclí lena bhfuil PMR>150

(c) Beidh $n_{AA'}$ cothrom le $n_{AA',min}$ nó níos mó ná sin

$$n_{AA',min} = 0,1 * (S - n_{idle}) + n_{idle}$$

(d) Beidh $n_{BB'}$ cothrom le $n_{BB',max}$ nó níos mó ná sin

I gcás feithiclí a thástáiltear i ngiair atá glasáilte: $n_{BB',max} = 0,8 \times S$

I gcás feithiclí a thástáiltear i gcóimheasa giair nach bhfuil glasáilte: $n_{BB',max} = S$

Measfar gur dearbhluachanna na luachanna le haghaidh raon rialaithe FBAFFT agus ní dhéanfar iad a mhéadú ná a laghdú tríd an lamháltas a shuimiú ná a dhealú mar a shonraítear i mír 2.8 den Iarscríbhinn seo.

2.6. Teorainneacha FBAFFT

Maidir leis an uasleibhéal torainn a thaifeadfar le linn ghluaiseacht an ghluaisrothair tríd an rian tástála, ní bheidh sé níos airde ná:

i gcás $n_{PP'} < n_{wot,(i)}$

$$L_{wot,(i)} + (1 * (n_{PP'} - n_{wot,(i)}) /1000) + 3$$

agus i gcás $n_{PP'} \geq n_{wot,(i)}$

$$nóim\{\begin{matrix} L_{wot,(i)} + \left(5 * \left(n_{PP'} - n_{wot,(i)}\right) / 1000\right) + 3 \\ L_{wot,(i)} + \left(4 + (n_{BB',max} - n_{AA',min}) / 1000\right) * \ln\left((n_{PP'} + n_{adj}) / n_{wot,(i)}\right) + 6 \end{matrix}$$

$$n_{adj}: \; nóim\{\hat{e}\left((S - n_{idle}) / \left(n_{BB',max} - n_{wot,(i)}\right)\right)_{250}$$

I gcás ina bhfuil an bhrí chéanna ag $L_{wot,(i)}$ agus $n_{PP'}$ agus atá i mír 1. d'Iarscríbhinn 3 agus i gcás ina dtagraíonn $n_{wot,(i)}$ don luas innill comhfhreagrach nuair a théann tosach na feithicle thar an líne PP'. Tagraíonn an t-innéacs '(i)' don ghiar a úsáidtear, is é $n_{AA',min}$ an luas innill mar a shainítear i mír 2.5.(c) den Iarscríbhinn seo agus is é $n_{BB',max}$ an luas innill mar a shainítear i mír 2.5.(d) den Iarscríbhinn seo.

Más leis an bhfeithicil amháin i seicheamh láithreach a dhéantar na tástálacha de réir Iarscríbhinn 3 den Rialachán NA seo agus de réir thástálacha FBAFFT, féadfar na luachanna le haghaidh $L_{wot(i)}$ agus $n_{wot(i)}$ ó thástáil Iarscríbhinn 3 a úsáid, má aontaíonn an t-údarás cineálcheadúcháin leis sin. Seachas sin, nuair a dhéanfar comhlíonadh na dteorainneacha sin a sheiceáil, déanfar luachanna le haghaidh $L_{wot(i)}$ agus $n_{wot(i)}$ a chinneadh as an nua le tomhais arna sainiú i mír 1. d'Iarscríbhinn 3, déanfar amhlaidh, áfach, trí úsáid a bhaint as an ngiar céanna (i), as an mód tiomána céanna atá inroghnaithe ag an úsáideoir agus as an bhfad réamh-luasghéaraithe céanna a úsáideadh le linn an chineálcheadaithe.

2.7. Saoráidí

Mar gheall ar theorainneacha na saoráidí tástála agus maidir le sábháilteacht, ní féidir gach dáil tástála a dhéanamh go sábháilte ar gach saoráid tástála.

D'ainneoin na srianta sin, deonófar an cineálcheadú ar na saoráidí tástála sin, ach ní mór don fheithicil forálacha uile Iarscríbhinn 7 seo a chomhlíonadh. Sna cásanna sin, míneoidh monaróir na feithicle chun sástachta an údaráis a bheidh i láthair tráth an chineálcheadaithe go gcomhlíonann an fheithicil na ceanglais nach bhféadfaí a thástáil mar gheall ar shrian na saoráide tástála.

2.8. Lamháltais

I gcás tástálacha de réir mhír 3.2.2. (b) agus 3.3. den Iarscríbhinn seo, beidh feidhm ag lamháltas +/- 5 km/u, agus teorainneacha raon rialaithe FBAFFT a shainítear i mír 2.5 den Iarscríbhinn seo á n-urramú i gcónaí.

Samplaí le haghaidh mhír 3.2.2. (b) den Iarscríbhinn seo:

— $v_{BB'}$=95 km/u iarrtha → $v_{BB'}$= 90-100 km/u bailí

— $v_{BB'}$=100 km/u iarrtha → $v_{BB'}$= 95-100 km/u bailí

Samplaí le haghaidh mhír 3.3. den Iarscríbhinn seo:

— v_{test}=10 km/u iarrtha → $v_{AA'}$= 10-15 km/u bailí

— v_{test}=15 km/u iarrtha → $v_{AA'}$= 10-20 km/u bailí

— v_{test}=75 km/u iarrtha → $v_{AA'}$= 70-80 km/u bailí

— v_{test}=95 km/u iarrtha → $v_{AA'}$= 90-100 km/u bailí

— v_{test}=100 km/u iarrtha → $v_{AA'}$= 95-100 km/u bailí

3. Comhlíonadh a thástáil le tomhais ([1])

3.1. Ginearálta

Iarrfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe chomh maith leis an tseirbhís theicniúil tástálacha chun a sheiceáil go gcomhlíonann an gluaisrothar ceanglais mhír 2 den Iarscríbhinn seo. Chun ualach oibre míchuí a sheachaint, tá an tástáil teoranta do na pointí tagartha a shainítear i mír 3.2 den Iarscríbhinn seo agus do na dálaí oibriúcháin breise a shainítear i mír 3.3. den Iarscríbhinn seo.

I gcás feithiclí ina bhfuil tras-seoladh láimhe, sainítear gurb é líon giaranna na feithicle agus sin iolraithe faoi 3 an líon iomlán dálaí oibriúcháin atá le tástáil de réir mhír 3.3 den Iarscríbhinn seo agus tá sé le laghdú faoin líon dálaí oibriúcháin a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na tástálacha de réir mhír 3.2. den Iarscríbhinn seo agus chun L_{urb} a chinneadh de réir Iarscríbhinn 3.

I gcás feithiclí ag a bhfuil cóimheasa de ghiaranna athraitheacha nó tras-seoladh uathoibríoch lena ngabhann cóimheasa de ghiaranna neamh-inghlasáilte, sainítear gur 6 an líon iomlán dálaí oibriúcháin atá le tástáil de réir mhír 3.3 den Iarscríbhinn seo agus tá sé le laghdú faoin líon dálaí oibriúcháin a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na tástálacha de réir mhír 3.2. den Iarscríbhinn seo agus chun L_{urb} a chinneadh de réir Iarscríbhinn 3.

D'ainneoin an mhéid thuas, déanfar 3 dhála oibriúcháin ar a laghad a thástáil de réir mhír 3.3. den Iarscríbhinn seo.

3.2. Dálaí tástála tagartha FBAFFT

3.2.1. Nós imeachta tástála

Nuair a shroichfidh tosach na feithicle AA', beidh an scóig ag oibriú go hiomlán agus coimeádfar ag oibriú go hiomlán í go dtí go sroichfidh cúl na feithicle BB'. Cuirfear an scóig ar ais chomh tapa is féidir go dtí an suíomh réchasta ansin. Féadfar réamh-luasghéarú a úsáid má chuirtear moill thar AA' ar luasghéarú. Tuairisceofar suíomh thús an luasghéaraithe.

3.2.2. Luas tástála agus roghnú na ngiaranna

Déanfar an fheithicil a thástáil ag gach ceann de na dálaí oibriúcháin seo a leanas:

(a) $v_{PP'} = 50$ km/u

Beidh an giar (i) agus an riocht réamh-luasghéaraithe a roghnófar mar an gcéanna leis na cinn a úsáideadh sa tástáil bhunaidh chineálcheadaithe in Iarscríbhinn 3 den Rialachán seo.

(b) $v_{BB'}$ a chomhfhreagraíonn do $n_{BB'} = n_{BB',max}$ mar a shainítear i mír 2.5 (d)

Ní rachaidh $v_{BB'}$ thar na luachanna a shonraítear i mír 2.5 (b) den Iarscríbhinn seo.

Is é an 2ú giar an giar a roghnófar. Má chomhlíonann an 3ú giar ceanglais $n_{BB'}$ agus $v_{BB'}$, úsáidfear an 3ú giar. Má chomhlíonann an 4ú giar ceanglais $n_{BB'}$ agus $v_{BB'}$, úsáidfear an 4ú giar. Má chomhlíonann an 5ú giar ceanglais $n_{BB'}$ agus $v_{BB'}$, úsáidfear an 5ú giar. Má chomhlíonann an 6ú giar ceanglais $n_{BB'}$ agus $v_{BB'}$, úsáidfear an 6ú giar.

Más rud é, sa 2ú giair faoin dáil thuasluaite i gcás $n_{BB'}$ gur mhó an luas feithicle ag líne B' ná an luach i gcás $v_{BB'}$ mar a shonraítear i mír 2.5. den Iarscríbhinn seo, déanfar an tástáil sa 2ú giar agus bainfear amach uasluas feithicle mar a shonraítear i mír 2.5. den Iarscríbhinn seo ag líne BB' ina ionad sin.

Más rud é, le linn na tástála, go dtarlódh dálaí neamhghnácha rothaíochta (amhail rothlam rothaí dealraitheach nó ardú rotha tosaigh), déanfar an tástáil sa chéad ghiar eile is airde, agus bainfear amach an t-uasluas feithicle, mar a shonraítear i mír 2.5. den Iarscríbhinn seo, ag líne BB' ina ionad sin.

([1]) Maidir leis an rothaí a bheidh ag déanamh na dtástálacha, moltar go gcuirfidh sé eolas ar shaintréithe tiomána na feithicle tástála sula ndéanfaidh sé na ritíi tástála.

3.2.3. Próiseáil agus tuairisciú sonraí

Cuirfear ceanglais mhír 1.4. d'Iarscríbhinn 3 i bhfeidhm.

Ina theannta sin, déanfar na luachanna luais innill ag AA', BB', agus PP' in aonaid nóim^{-1} a shlánú go matamaiticiúil go dtí an tslánuimhir is gaire le haghaidh ríomhanna eile. I gcás dáil tástála ar leith, déanfar meán na dtrí luas innill aonair a ríomh go huimhríochtúil.

Na leibhéil fuaimbhrú deiridh le haghaidh an luasghéaraithe ar lánscóig, ní rachaidh siad thar na teorainneacha a shonraítear i mír 2.6. thuas.

3.3. Dálaí oibriúcháin breise

3.3.1. Nós imeachta tástála

Druidfidh an fheithicil leis an líne AA' faoi luas seasmhach nó faoi luasghéarú nó faoi luasmhoilliú, de réir na hoibríochta scóige a fhéadfaidh an tseirbhís theicniúil, atá freagrach as tástálacha um chineálcheadú a dhéanamh, a iarraidh, i gcomhaontú leis na húdaráis chineálcheadaithe.

Roghnófar an luas isteach ionas go sroichfidh an fheithicil luas tástála forordaithe v_{test} nuair a rachaidh a tosach thar an líne AA'.

Nuair a rachaidh tosach na feithicle thar an líne AA' déanfar an rialú scóige a choigeartú chomh tapa is féidir go dtí suíomh (scóig pháirteach, lánscóig nó suíomh reatha an rialaithe scóige a choinneáil ar bun) arna shainiú ag an tseirbhís theicniúil atá freagrach as tástálacha um chineálcheadú a dhéanamh agus coimeádfar sa suíomh sin é go dtí go rachaidh cúl na feithicle thar an líne BB'.

Nuair a rachaidh cúl na feithicle thar an líne BB' aistreofar an rialú scóige go dtí an suíomh réchasta chomh tapa is féidir.

Ní bhainfear luasmhoilliú as an bhfeithicil mar thoradh ar an suíomh scóige idir línte AA' agus BB'. Bíonn luasmhoilliú ann sna cásanna seo a leanas:

— $v_{PP'} < v_{AA'}$ - 5 km/u, nó

— $v_{BB'} < v_{AA'}$ - 5 km/u, nó

— $v_{BB'} < v_{PP'}$ - 5 km/u.

3.3.2. Luas tástála, roghnú giaranna agus mód agus oibriú na scóige

Maidir le dálaí na míre seo, is dálaí iad a shaineoidh an tseirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha um chineálcheadú a dhéanamh.

Chun cúnamh a thabhairt na dálaí sin a shainiú, soláthraítear doiciméadacht an mhonaróra don tseirbhís theicniúil atá freagrach as tástálacha um chineálcheadú a dhéanamh. An tseirbhís theicniúil atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, féadfaidh sí a iarraidh go ndéanfar réamhthástáil ar an bhfeithicil.

Féadfaidh an tástáil luais $v_{tástáil}$ a bheith ag aon luas laistigh de raon rialaithe FBAFFT mar a shainítear i mír 2.5. den Iarscríbhinn seo. Féadfar an fheithicil a thástáil in aon cheann de na giaranna atá ar fáil, lena n-áirítear an 1[ú] giar.

Laistigh den líon iomlán dálaí oibriúcháin breise a shainítear i mír 3.1 den Iarscríbhinn seo, féadfar an fheithicil a thástáil in aon cheann de na ríomhchláir bogearraí nó na móid is féidir leis an úsáideoir a roghnú.

Beidh oibríocht na scóige i gcomhréir le mír 3.3.1. den Iarscríbhinn seo.

Déanfar oibríocht na scóige roimh líne AA' agus idir línte AA' agus BB' a shainiú agus tabharfar tuairisc uirthi ionas gur féidir le rothaí oilte, a chuir eolas ar shaintréithe tiomána na feithicle tástála, an oibríocht sin a dhéanamh agus gur féidir an cur i gcrích ceart a mheasúnú trí bhreathnú gan gá a bheith le trealamh teicniúil ar an bhfeithicil nó ag an láithreán tástála seachas an trealamh a theastaíonn le haghaidh na dtástálacha de réir Iarscríbhinn 3.

Más rud é, mar thoradh ar na dálaí oibriúcháin arna n-iarraidh, go mbeadh dáil tiomána ann nach mbeadh coinne léi agus an fheithicil á hoibriú i bhfíorthrácht (ardú rotha tosaigh, rothlam rothaí dealraitheach, greadadh slabhra, tarraing an innill, mar shampla), gheofar réidh leis an rith tástála sin agus déanfar rith tástála a mbeidh dálaí oibriúcháin difriúla ag baint léi.

3.3.3. Próiseáil agus tuairisciú sonraí

3.3.3.1. Déanfar laghdú 1 dB(A) ar uasleibhéal fuaimbhrú A-ualaithe a léirítear nuair a théann an fheithicil idir AA' agus nuair a théann cúl na feithicle thar BB' + 20 m (féach Iarscríbhinn 4 – Fíor 1) chun míchruinneas an tomhais a chur san áireamh agus déanfar é a shlánú go matamaiticiúil go dtí an chéad ionad deachúlach is gaire (e.g. XX,X) i gcás gach suímh micreafóin ([2]).

Má bhraitear nach bhfuil buaic fuaime ag teacht leis an leibhéal fuaimbhrú ginearálta, gheofar réidh leis an tomhas sin, agus athdhéanfar an rith tástála leis na dálaí oibriúcháin céanna.

3.3.3.2. Próiseáil na dtomhas fuaimbhrú agus ríomh na dtorthaí tástála deiridh

$$L_{FBAF} = MAX\ (L_{FBAF,ar\ chlé};\ L_{FBAF,ar\ dheis})$$

I gcás ina dtagraíonn an t-innéacs 'ar chlé', 'ar dheis' do shuíomh an mhicreafóin (ar chlé nó ar dheis).

3.3.3.3. Déanfar na luachanna luais innill ag AA', BB', agus PP' in aonaid $nóim^{-1}$ a shlánú go matamaiticiúil go dtí an tslánuimhir is gaire le haghaidh ríomhanna eile

3.3.3.4. Na leibhéil fuaimbhrú deiridh le haghaidh na ndálaí oibriúcháin breise, ní rachaidh siad thar na teorainneacha a shonraítear i mír 2.6. den Iarscríbhinn seo.

([2]) Déantar an leibhéal fuaimbhrú 'L' a chinneadh le rith tástála amháin.

IARSCRÍBHINN 8

Ráiteas comhlíontachta i leith na bhForálacha Breise maidir le hAstaíochtaí Fuaime (FBAF)

(Formáid uasta: A4 (210 x 297 mm))

…… Dearbhaíonn (ainm an mhonaróra) go gcomhlíonann feithiclí den chineál seo ……(cineál maidir lena astaíocht torainn de bhun Rialachán Uimh. 41) ceanglais mhír 6.3. de Rialachán Uimh. 41.

…… Déanann (ainm an mhonaróra) an ráiteas seo de mheon macánta, tar éis meastóireacht iomchuí a dhéanamh ar fheidhmíocht astaíochta fuaime na bhfeithiclí.

Dáta: ……

Ainm an ionadaí údaraithe: ……

Síniú an ionadaí údaraithe: ……